

# Tuarascáil Bhliantúil **an Mhoil Dhigitigh** 2024







# Clár na nÁbhar


Ráiteas an Chathaoirligh 2

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh 4

Obair na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach 6

Ag Díriú ar an mBraisle Fiontraíochta 10

Ag Díriú ar Chláir agus ar Chomhpháirtíochtaí Pobail 13

Ag Díriú ar Theagmháil leis an bPobal Ealaíonta agus Cruthaitheach 18

Ag Díriú ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú 20

Ag Díriú ar an tSeirbhís Phoiblí trí Ghaeilge 22

Cuideachtaí agus Eagraíochtaí ag an Mol Digiteach in 2024 23

An Bord 24

Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2024 25




# Ráiteas an Chathaoirligh



Mar Chathaoirleach ar Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2024 a chur i láthair.

I rith na bliana, d'oibrigh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) chun próiseas réalaíoch a bhunú chun cinneadh an Rialtais 2021 a chur i bhfeidhm an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh agus a cuid réadmhaoine a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún.

Nuair a thángthas ar an gcinneadh seo ar dtús, samhlaíodh go mbeadh an campas ar fad i gceist agus go dtarlódh sé go réasúnta gasta.

Ina mháistirphlean do Chrosaire Chrann Piorraí, áfach, chuir an LDA in iúl go bhfuil sé i gceist aige cuid den talamh seachas an talamh ar fad a úsáid, atá i gceist mar go mbeadh sé deacair tithíocht inacmhainne a chur ar fáil ar láithreáin nach bhfuil oiriúnach go héasca d'fhorbairt dá leithéid.

Deimhníonn an máistirphlean freisin, cé go ndéanfaidh an LDA foirgnimh áirithe a fhorbairt nó a athsholáthar, nach mbainfidh sé úsáid as an réadmhaoin go léir ar champas an Mhoil Dhigitigh le haghaidh tithíochta. Cuid de na foirgnimh atá i gceist, tá siad folamh le tréimhse mhaith anuas agus ní féidir iad a oiriúnú go héasca lena n-úsáid mar thithíocht inacmhainne ach tá gá le hoibreacha deisiúcháin agus cothabhála fairsinge.

Thug an roinn le fios, mar thoradh air sin, go leanfaidh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ag feidhmiú go dtí 2027 ar a laghad, agus gur chóir don Ghníomhaireacht, idir an dá linn, leanúint dá freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh maidir le hathghiniúint uirbeach, tacaíocht d'fhiontair, forbairt réadmhaoine, teagmháil leis an bpobal, agus bainistiú réadmhaoine.

Is é tosaíocht an Bhoird idir an dá linn a chinntiú go gcaomhnófar an luach a chruthaigh an Ghníomhaireacht le fiche bliain anuas sna blianta amach romhainn, suas go dtí an am a ndíscaoilfear í agus ina dhiaidh sin.

Agus é seo curtha san áireamh, chuamar i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir ár mbraisle fiontraíochta, ár gcláir phobail agus ár n-iarrachtaí athghiniúna uirbí a chothú agus a fheabhsú ar mhaithe leis na Saoirsí, ceantar níos leithne Bhaile Átha Cliath 8, an chathair ina hiomláine agus an tír.

Táimid ag leanúint freisin le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir lenár ngníomhaíochtaí, gníomhaíochtaí ár mballchuideachtaí agus an pobal a bhfuilimid mar chuid de, freagairt do dhúshláin mhóra shochaíocha i gcúram sláinte agus athrú aeráide, mar shampla.

As na foirgnimh inár bpunann, tá ocht gcinn gafa ag cliantchuideachtaí a fhostaíonn tuairim is 600 duine le chéile agus a thugann gníomhaíocht eacnamaíoch agus beogacht shóisialta araon chuig an gcomharsanacht. Leanaimid orainn ag cothabháil agus ag feabhsú na bhfoirgneamh seo lena chinntiú go gcuireann siad timpeallacht dhearfach oibre ar fáil dár gcliaint.

Níl an chuid eile dár réadmhaoine oiriúnach le húsáid mar oifigí faoi láthair. Toisc nach bhfuil na hacmhainní is gá ag an nGníomhaireacht chun iad a fhorbairt, déanaimid monatóireacht agus cothabháil ghníomhach ar a riocht chun meathlú a chosc agus chun sábháilteacht an phobail a chinntiú.

Déantar an obair ar fad ar ár bhfoirgnimh i gcomhairle leis an LDA lena chinntiú go bhfuil ár ngníomhaíochtaí ar aon dul le pleananna forbartha an LDA ar an iomlán.

> Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach bródúil as ról dearfach a bheith aici san oiread sin réimsí den bheartas poiblí – athghiniúint uirbeach, forbairt fiontraíochta, sláinte, oideachas, forbairt pobail, cuimsiú digiteach, fostaíocht, gníomhú ar son na haeráide, na healaíona, cultúr, oidhreacht agus an líon mór trasnuithe atá eatarthu.

Tá na cuideachtaí inár mbraisle fiontraíochta i measc na gcuideachtaí is dinimiciúla sa tír; tá go leor acu ag forbairt réitigh a bhfuil gradaim buaite acu i gcúram sláinte, inbhuanaitheacht chomhshaoil, forbairt bogearraí agus dearadh seirbhíse, ag tabhairt aghaidhe ar riachtanais na gcustaiméirí in Éirinn agus thar lear araon.

Leanaimid orainn ag freastal ar chuideachtaí a oibríonn patrún oibre hibrideach — cuid di bunaithe san oifig agus cuid di ón mbaile. Tugaimid socruithe léasa solúbtha dóibh a ligeann dóibh a spás oifige a mhéadú nó a laghdú de réir mar a athraíonn a gcuid riachtanas. Táimid bródúil as a bheith mar chuid dá rath, agus as na tacaíochtaí agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil a chuireann lena rath.

Lena chois sin, leanaimid orainn ag tacú lenár bpobal áitiúil agus de bheith i dteagmháil leis. Tugann ár gcláir foghlama agus múscailte feasachta muintir na háite, idir óg agus aosta, ar an eolas faoi scileanna teicniúla, cruthaitheacha agus sóisialta éagsúla an 21ú haois. Le linn 2024, ghlac beagnach 1,000 páistí scoile páirt inár gcláir foghlama, agus tá ár gClub D8 Surfers ag nascadh i gcónaí le cohórt daoine níos sine i seisiúin sheachtainiúla inar féidir leo scileanna digiteacha nua a fhoghlaim agus a chleachtadh.

Rinne an tionscadal Smart D8, ina bhfuil an Mol Digiteach ina phríomhpháirtí, a raon feidhme a leathnú agus a dhoimhniú in 2024, rud a thug buntáistí inbhraite sláinte agus folláine do na céadta cónaitheoirí áitiúla.

Mar thoradh ar ár gclár tionscnaimh Dearthóir Cónaithe d'éirigh linn réiteach nuálach, bunaithe ar theicneolaíocht, a reáchtáil mar threoirthionscadal do riachtanas cúram sláinte a bhfuil de chumas aige beatha go leor daoine a shábháil.

Leanaimid orainn ag barrfheabhsú úsáide táirgiúla ár spáis go léir, lena n-áirítear spás atá mí-oiriúnach d'úsáid oifige. Baineann dá bhuntáiste leis seo – laghdaítear ár ngá le maoiniú ón Státchiste agus cuirtear le beogacht an cheantair.

Bhíomar in ann freastal ar ghrúpaí pobail áitiúla, ar chuideachtaí amharclannaíochta agus ar ghrúpaí eile le seomraí cruinnithe agus spás le haghaidh cleachtaidh agus taibhithe. Ag an am céanna cuirtear margadh míosúil atá dírithe ar an ngeilleagar ciorclach agus 'faisean mall' ar siúl ar an gcarrchlós ag an Iosta Digiteach.

D'éirigh thar barr leis an bhféile Beta in 2024 agus mheall sí rannpháirtithe agus lucht spéise ón saol acadúil, ón bhfiontar, ón bpobal taighde mar aon le healaíontóirí, teicneolaithe agus an pobal i gcoitinne, as Éirinn agus as tíortha thar lear araon. Spreag an fhéile plé agus díospóireacht bhríomhar faoi theicneolaíochtaí digiteacha agus na saincheisteanna eiticiúla agus sóisialta a bhaineann lena n-úsáid.

Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach bródúil as ról dearfach a bheith aici san oiread sin réimsí den bheartas poiblí – athghiniúint uirbeach, forbairt fiontraíochta, sláinte, oideachas, forbairt pobail, cuimsiú digiteach, fostaíocht, gníomhú ar son na haeráide, na healaíona, cultúr, oidhreacht agus an líon mór trasnuithe atá acu seo lena chéile.

Tá súil agamsa agus ag an mBord, de réir mar a chuirtear ullmhúcháin chun cinn do dhíscaoileadh an DHDA, go gcomhdhlúthaítear agus go neartaítear na rannchuidithe dearfacha seo, ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag dul chun tairbhe do cheantar Bhaile Átha Cliath 8 agus don tír amach anseo.

Is foireann daoine thar a bheith tiomanta, thar a bheith cumasach a dhéanann an obair a bhfuil cur síos níos mionsonraithe uirthi sa tuarascáil seo. Gabhaim buíochas ó chroí le foireann uile an DHDA as a dtiomantas agus a gcuid oibre crua i rith na bliana, agus go háirithe leis an bPríomhfheidhmeannach, Fiach Mac Conghail. Tá mé thar a bheith buíoch freisin as an treoir agus as an tacaíocht a thug baill uile an Bhoird.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl freisin as tacaíocht an iar – Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, agus an iar – Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Ossian Smyth TD, agus a gcuid oifigeach.

Faoin Rialtas nua, aistreoidh an fhreagracht mhaoirseachta don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chuig an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an Aire Patrick O'Donovan TD, agus lena chuid oifigeach sa bhliain amach romhainn.

**Paul Holden**
*Cathaoirleach*

# Tuarascáil an POF



Bliain shuntasach ab ea 2024 don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) agus sinne ag leanúint ar aghaidh ag oiriúnú, ag nuáil agus de bheith faoi bhláth.

Ó bunaíodh sinn in 2003, is é an príomhról atá againn ná spás oibre agus tacaíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil ag an Mol Digiteach do ghnólachtaí atá ag teacht chun cinn sna hearnálacha teicneolaíochta agus cruthaitheacha, d'fhiontair shóisialta, d'ealaíontóirí agus do cheardaithe.

Leanamar orainn de bheith tiomanta don chuspóir seo le breis agus 20 bliain anuas agus tá éileamh mór ar ár seirbhísí i gcónaí.

D'fhill campas an Mhoil Dhigitigh ar áitíocht breis is 90% in 2024. Is ionann é seo agus 56 gnólacht agus eagraíocht san iomlán agus bíonn idir bhaill nua agus bhaill sheanbhunaithe páirteach ann. D'fháiltíomar roimh aon bhall déag nua i rith na bliana agus leathnaigh ocht gcuideachta atá ann cheana a gcuid oifigí.

Is éacht iontach é ráta áitíochta chomh hard sin, agus deimhníonn sé ábharthacht bhuan, leanúnach an Mhoil Dhigitigh.

Tá spás oibre d'ardchaighdeán ag teastáil ónár mballeagraíochtaí in áit lárnach chun feidhmiú go héifeachtach, ach is mór acu an cairdeas, an comhoibriú agus an inspioráid a thagann ó bheith bunaithe in éiceachóras forásach, tacúil in éineacht le heagraíochtaí uaillmhianacha, cruthaitheacha eile a bhfuil fís acu.

Is mór acu freisin a bheith mar chuid de líonra fuinniúil agus de champas bríomhar atá leabaithe go domhain i bpobal na Saoirsí agus i mBaile Átha Cliath 8 agus a chuireann leo, go háirithe ag am a bhfuil an ceantar faoi réir athfhorbartha leanúnaí, spreagúla ar féidir leo an doras a oscailt chuig a lánacmhainneacht.

Bhí an Mol Digiteach ina champas fiontraíochta rathúil i gcónaí, ach chomh maith leis sin bhíomar inár gcomhpháirtí tacúil dár gcomharsana agus don phobal áitiúil máguaird, ag stiúradh sraith clár foghlama agus ag obair i gcomhpháirtíocht le daoine eile chun réimse leathan tionscnamh a sholáthar.

Déanann na gnólachtaí agus na heagraíochtaí ar ár gcampas rannchuidiú luachmhar don ngeilleagar agus iad ag fostú os cionn 600 duine san iomlán. I measc na mball reatha tá gnólachtaí atá go mór i mbéal an phobail ar nós Akara Robotics, Bizimply, Kavaleer, Lonely Planet, MEG, Neuromod agus patientMpower, mar shampla.

Tá go leor dár mballchuideachtaí tar éis forbairt go maith ag an bpointe seo agus ní bhaineann an téarma 'ag teacht chun cinn' leo a thuilleadh. Mar sin féin, fanann siad sa Mhol Digiteach, áit a leanann siad ag fás faoi rath.

Tá bród orm a rá go bhfuil ár mballeagraíochtaí ag baint rudaí iontacha amach i gcónaí. I measc na n-éachtaí a rinne siad in 2024 tá gradaim a bhuachan, táirgí nua a sheoladh agus conarthaí gnó i margaí thar lear a dhéanamh.

I mí Eanáir, d'ainmnigh an t-ardán cothromais Spark Crowdfunding, MEG, a fhorbraíonn uirlisí cúram sláinte digiteacha, mar cheann de na cuideachtaí is uaillmhianaí in Éirinn. an t-ardán cothromais.

I mí an Mhárta, bhí Akara Robotics i measc 12 ghnólacht nuathionscanta a roghnaíodh don Rang iomráiteach trí mhí Techstars Healthcare Accelerator de 2024 in Los Angeles agus tar éis triail rathúil in ospidéal sna Stáit Aontaithe a dhéanamh, leanann an chuideachta teicneolaíochta cúraim sláinte ar aghaidh ag dul chun cinn go seoigh i margadh Mheiriceá.

I mí an Mheithimh, leathnaigh Neuromod Devices, forbróirí feiste cóireála tinnitus, a láithreacht sna Stáit Aontaithe trí chomhpháirtíocht le 14 chlinic nua agus i mí na Samhna bhronn Institiúid na nDearthóirí in Éirinn an chatagóir Best Experience Design ar an ngníomhaireacht deartha Context Studio as a gcuid oibre ar an tionscadal "Sustainable Energy Communities: From Plan To Do".

Ba bhliain ghnóthach í 2024 freisin dár gcláir agus dár gcomhpháirtíochtaí. D'fhreastail os cionn 600 páiste bunscoile ar sheisiún blaiseadh teicneolaíochta nó ar chlár foghlama gairid a thug le chéile cruthaitheacht agus teicneolaíocht ag an Mol Digiteach nó ina scoil áitiúil agus d'fhreastail beagán níos mó ná 300 déagóir ar chúrsaí a lean ar aghaidh ar feadh tréimhsí éagsúla ag an Mol Digiteach agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta.

I mí na Samhna, reáchtáladh Beta, féile idirnáisiúnta ealaíon agus teicneolaíochta, a chomhbhunaigh an Mol Digiteach agus Aisling Murray, den dara bliain. Bhí sraith taispeántas, pléite agus ceardlanna nuálacha ar siúl.

I mí Iúil, ceapadh an Dr Glenn Curtin mar chéad Dearthóir Cónaithe an Mhoil Dhigitigh agus i mí na Nollag tástáladh go rathúil ceann dá chuid smaointe nuálacha agus é ag obair le Manna, an chuideachta seachadta drón, agus FSS chun tabhairt faoi dhífhibrileoir a sheachadadh trí eitilt dróin mar chuid de threoirthionscadal a cheap sé.

Idir an dá linn, d'óstáil ár gcampas na mílte cuairteoir ag imeachtaí, cruinnithe, cúrsaí oiliúna agus ceardlanna éagsúla, cleachtaí agus léirithe amharclannaíochta, taispeántais ealaíne agus go leor eile.

Is forbairt réasúnta nua é seo, a ndearnadh gineadóir ioncaim suntasach de agus cuid lárnach dár seirbhís go tapa, rud a fheabhsaíonn timpeallacht atá fíor-speisialta, spreagúil agus taiscéalaíoch cheana féin agus a théann chun tairbhe dár mballchuideachtaí, dár bhfoireann, don phobal áitiúil agus do chuairteoirí.

## Bliain shuntasach ab ea 2024 don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA) agus sinne ag leanúint ar aghaidh ag oiriúnú, ag nuáil agus de bheith faoi bhláth.

Le linn 2024, leanamar orainn ag obair go dlúth leis an nGníomhaireacht Forbartha talún (LDA), atá i mbun tithíocht inacmhainne a sholáthar ar champas an Mhoil Dhigitigh.

Deimhníonn máistirphlean Chrosaire Chrann Piorraí an LDA, cé go bhforbróidh an Ghníomhaireacht foirgnimh áirithe nó go gcuirfear foirgnimh eile ina n-áit, nach mbainfidh sí úsáid an réadmhaoin ar fad ar champas an Mhoil Dhigitigh le haghaidh tithíochta.

I bhfianaise na gcúinsí seo, chuir an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach an argóint chun tosaigh gur chóir don Mhol Digiteach leanúint ar aghaidh san áit ina bhfuil sí agus feidhmiú ón mbonn atá aici cheana agus, ag an am céanna, tacú go gníomhach le hobair an an LDA agus lena phleananna athghiniúna agus iad a éascú.

Cé go bhfuil tograí ardaidhmeannacha curtha chun cinn ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil breac – chuntas tugtha aici ar an ról a d'fhéadfadh a bheith aici chun iad a bhaint amach, leanaimid orainn ag urramú chinneadh reatha an Rialtais maidir le todhchaí na Gníomhaireachta agus leanaimid orainn ag ullmhú chun díscaoileadh ordúil a éascú.

Idir an dá linn, táimid tiomanta i gcónaí ár bhfreagrachtaí reachtúla maidir le hathghiniúint uirbeach, tacaíocht fiontraíochta, rannpháirtíocht an phobail agus bainistíocht réadmhaoine a chomhlíonadh ar bhealaí atá ailínithe go straitéiseach le forbairt fhadtéarmach limistéar na Saoirsí agus Bhaile Átha Cliath 8.

Mar is léir ón méid thuas, ba bhliain bhríomhar, ghnóthach í 2024 don Mhol Digiteach. Mar POF, táim ag brath ar shár – obair Paul Holden, Cathaoirleach an DHDA, an Bhoird agus ar shár – iarrachtaí fhoireann iontach an Mhoil Dhigitigh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo go léir as a dtacaíocht agus a dtiomantas leanúnach.

**Fiach Mac Conghail**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

# Obair na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach

## An Campas

Faoi dheireadh 2024, bhí 59,141 troigh chearnach d'ollspás oifige inligthe ar fud naoi bhfoirgneamh ghníomhacha ag campas an Mhoil Dhigitigh. Is é a bhí i gceist leis seo ná glanspás oifige inligthe (51,354 troigh chearnach), spás deisce aonair (2,476 troigh chearnach), agus spásanna d'imeachtaí (7,611 troigh chearnach).

I rith na bliana, lean an Mol Digiteach air ag díriú ar spás oibre agus tacaíocht d'ardchaighdeán a chur ar fáil do ghnólachtaí beaga in earnálacha na teicneolaíochta agus na cruthaitheachta, na bhfiontar sóisialta, d'ealaíontóirí agus do cheardaithe.

Le breis agus fiche bliain anuas, tá timpeallacht cruthaithe ag an gcur chuige seo a chothaíonn cruthaitheacht agus nuálaíocht. Chinntigh sé freisin éileamh láidir ar na seirbhísí agus na buntáistí a sholáthraíonn an Mol Digiteach, níos mó solúbthachta san áireamh.

Le linn 2024, lean an Mol Digiteach de bheith i dteagmháil leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) chun cabhrú le codanna de champas an Mhoil Dhigitigh a aistriú go dtí an LDA mar a socraíodh le cinneadh ón Rialtas in 2021.


Tá sé i gceist ag an LDA tithe nua inacmhainne a sholáthar chomh maith le spásanna tráchtála, fiontraíochta, taitneamhachta, cultúrtha agus pobail, rud a chuideoidh le buntáistí inbhraite, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaint amach do Na Saoirsí.

## Buaicphointí ón gcampas in 2024


- Lean We LOVE Markets air ag reáchtáil margadh na míolta míosúil lasmuigh d'fhoirgneamh an Iosta Dhigitigh agus Túr Phádraig mar chúlra aige. Reáchtáladh margaí breise chun féilte áitiúla a cheiliúradh — Culture Date le Baile Átha Cliath 8, Féile na Saoirsí agus Oíche Chultúir freisin. Díríonn an margadh ar inbhuanaitheacht agus meallann an meascán d'fhaisean seanré, mall, earraí uaschúrsáilte, mangaisíní, troscán, ealaín agus ceardaíocht agus earraí bácáilte ceardaí na mílte cuairteoirí chuig an gceantar gach mí.
- Don dara bliain acadúil as a chéile, d'óstáil an Mol Digiteach ranganna d'Institiúid Cheoil BIMM Bhaile Átha Cliath i bhfoirgneamh na hIathlainne, a lean ar aghaidh freisin spás sábháilte fáilteach a chur ar fáil d'Úcránaigh a fhaigheann rochtain ar thacaíochtaí ó Ionad Géarchéime na hÚcráine in Éirinn lena n-áirítear scileanna Béarla agus litearthachta digití a fhoghlaim.
- Reáchtáil eagraíochtaí eile, idir bhaill agus eagraíochtaí ón taobh amuigh, níos mó agus níos mó cúrsaí, ceardlanna agus imeachtaí rialta ag an Mol Digiteach. I measc na samplaí bhí na ceardlanna deisithe éadaí Change Clothes', ionaid bhabhtála aníos agus ceardlanna cruthaitheacha in uaschúrsáil, réimse FLUX's de cheardlanna ealaíne ó líníocht saoil agus uiscedhathanna go scríobh comharthaí, cruinniú míosúil Bhaile Átha Cliath an Bloop Group – cruinniú do cheoltóirí agus léiritheoirí ceoil leictreonaigh ag gach leibhéal, Máistir-rang Léirithe TV agus Meán Sóisialta de chuid The Broadcast Institute agus an grodchúrsa 'Start Your Own Business' de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil.



I rith na bliana, lean an Mol Digiteach air ag díriú ar spás oibre agus tacaíocht d'ardchaighdeán a chur ar fáil do ghnólachtaí beaga in earnálacha na teicneolaíochta agus na cruthaitheachta, na bhfiontar sóisialta, d'ealaíontóirí agus do cheardaithe.








- Reáchtáil TechStars, an gorlann dhomhanda do ghnólachtaí nuathionscanta, a chruinniú Eorpach ag an Mol Digiteach don dara bliain. Chuaigh breis is 20 foireann idirnáisiúnta san iomaíocht le haghaidh infheistíochta.
- Bhí spásanna imeachtaí an Mhoil Dhigitigh á n-úsáid i gcónaí ag comhlachtaí amharclannaíochta, lena n-áirítear Amharclann na Mainistreach, a rinne cleachtadh ar dhá mhórshaothar léiriúcháin ag an Mol Digiteach, agus bhain The Gaiety Theatre, Druid, Dead Centre, One Off Productions, Outlandish, Jess Rowell Dance, Verdant agus This is Pop Baby freisin leas as spás cleachtaidh le haghaidh a gcuid léiriúcháin.
- Le linn mhí na Bealtaine, reáchtáladh díolachán ealaíne ina raibh saothar le healaíontóirí Pallas Projects ar taispeáint in The Bank. Ghin sé sin €15,000 chun tacú le saothar UNWRA sa Phalaistín.
- Bhí Túr Phádraig mar phointe fócasach arís chomh maith d'fhéilte na hOíche Cultúir i mBaile Átha Cliath 8 agus bhí margadh speisialta clapsholais le We Love Markets ag tarraingt na sluaite móra chun an cheantair.
- Reáchtáladh dhá imeacht i gclós an Mhoil Dhigitigh d'inimircigh a tháinig le déanaí, an chéad imeacht i mí an Mheithimh i gcomhar le Open Doors agus an dara imeacht i mí Lúnasa d'Úcránaigh chun a Lá Neamhspleáchais a cheiliúradh.

### Gníomhú ar son na hAeráide

Tá spriocanna leagtha síos ag an earnáil phoiblí maidir le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh. Mar chuid den phróiseas seo, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí amhail an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA), sonraí bliantúla maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), údarás a bhainistíonn an próiseas tuairiscithe thar ceann RCAC.

| Úsáid Fuinnimh (MWh) | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Leictreachas (UTM) | 663 | 626 |
| Gás (Uimhir Tagartha Gásphointe) | 742 | 688 |
| Giniúint in – athnuaite ar an láthair | 8.18 | 8.66 |
| Ola gáis | 0 | 18 |
| **Tomhaltas Iomlán** | **1,413** | **1,332** |



## Giniúint an Iosta Dhigitigh ar an láthair

Meastar go ndearna na painéil ghréine, atá ag feidhmiú ar fhoirgneamh an Iosta Dhigitigh ó mhí an Mheithimh 2021, 2,094 tona carbóin a dhíláithriú in 2024. Táirgeann an tsuiteáil fuinneamh gréine seo ar córas Fótavoltach (PV) gréine 11kw ar bharr dín é, leictreachas a dhéanann cúiteamh ar an ngá atá leis an leictreachas sin a cheannach ón eangach chumhachta.


Reáchtáladh ceardlann um ghníomhú ar son na haeráide i mí Mheán Fómhair 2024 d'fhoireann uile na Gníomhaireachta. Ceapadh an seisiún oiliúna chun baill foirne a chur ar an eolas faoi oibleagáidí na hearnála poiblí maidir le gníomhú ar son na haeráide agus chun creat a chomhaontú do straitéis inbhuanaitheachta na Gníomhaireachta féin.

Tá lá inbhuanaitheachta leantach don bhfoireann á phleanáil d'Eanáir 2025 chun tuiscint fhoireann na Gníomhaireachta ar inbhuanaitheacht a fhorbairt tuilleadh agus an Straitéis Inbhuanaitheachta a chomhaontú. Beidh sí seo ag teacht le straitéis chorparáideach nua na Gníomhaireachta 2026 -2028.

Reáchtáladh Iniúchadh Fuinnimh ar fud an champais i mí Iúil agus bhí na torthaí mar bhonn le Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide na Gníomhaireachta. Rinneadh athfheistiú soilse LED iomlán i dtrí cinn d'fhoirgnimh an Mhoil Dhigitigh agus tá níos mó le teacht in 2025.

Tá an méid seo thíos ón tSamhail Mhonatóireachta agus Tuairiscithe 2030 Gap-to-Target de chuid SEAI.

### Sprioc iomlán $CO_2$ don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach




Comhlíonann an Ghníomhaireacht go hiomlán Ciorclán 1/2020, ina dtugtar breac – chuntas ar nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil a chúiteamh.

Tá an Mol Digiteach ag gabháil freisin do raon gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta lena n-áirítear:

**Bee8** — Fiontar sóisialta inbhuanaithe atá á bhainistiú ag Tionscadal Pobail Na Saoirsí i gcomhpháirtíocht leis an Mol Digiteach agus Smart D8.

- In 2024 bhuaigh Gairdín na mBeach an gradam Iontrála Nua is Fearr i gComórtas bliantúil Comharsanachtaí Chathair Bhaile Átha Cliath, a eagraíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun timpeallacht níos glaine, níos glaise a chruthú agus chun ceantair áitiúla a dhéanamh níos tarraingtí ar mhaithe le gach cónaitheoir cathrach agus cuairteoirí. Is sampla den scoth é Gairdín na mBeach den úsáid eatramhach a bhaintear as cuid bheag de champas an Mhoil Dhigitigh, áit a gcuirtear an spás ar fáil saor in aisce mar chuid de chomhoibriú an Mhoil Dhigitigh ar an tionscadal Bee8.





**Pocket Forests** — Shuiteáil an Mol Digiteach, i gcomhpháirtíocht le Pocket Forests, Mol Crann Pocket Forests ar champas an Mhoil Dhigitigh in 2021. Ba í an chéad naíolann crann dúchais in Éirinn í in áit i lár na cathrach. Tá crainn dhúchasacha na hÉireann fós á gcur sa phlandlann, a fheidhmíonn mar phointe dáileacháin chun tuilleadh crann a chur timpeall Bhaile Átha Cliath 8, agus é mar mhisean acu daoine i spásanna uirbeacha a athnascadh leis an dúlra.




- In 2024, d'óstáil Pocket Forests Ceardlann Péisteanna do chúig mhac léinn déag sa séú rang ó Scoil Náisiúnta áitiúil. Sa cheardlann idirghníomhach cuireadh na daltaí ar an eolas faoi ról ríthábhachtach na bpéisteanna talún i múiríniú agus i sláinte na hithreach. Chruthaigh na daltaí a bhfeirm péiste féin le tabhairt ar ais ar scoil, a choinneoidh siad trí úsáid a bhaint as blúiríní bia.
- Chomh maith leis sin, reáchtáil Pocket Forests ceardlann ealaíne fíorspeisialta praiticiúil leis an ealaíontóir Bernie Colhoun ag an Mol Digiteach ina rinne na rannpháirtithe a gcuid scuaba féin as ábhair nádúrtha a d'fhoinsigh Pocket Forests. Ansin d'úsáid siad iad chun patrúin áille orgánacha a chruthú i leabhar fillte. Dearadh an cheardlann chun deis a thabhairt do rannpháirtithe dínascadh ón domhan digiteach, athcheangal a dhéanamh leis an dúlra agus an t-áthas a bhaineann le healaín a dhéanamh le do lámha a aimsiú as an nua.
- Thug Pocket Forests beagán cúraim agus aird do na plandóirí faoin spéir feadh Lána Roe ag an Iosta Digiteach nuair a chuir siad méiríní púca, lus an choilm, trom, agus plandaí pailnitheacha chun dath an earraigh a thabhairt dúinn.

**Crann Piorra**— Tá ceann de na crainn torthaí is sine in Éirinn ar champas an Mhoil Dhigitigh. Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach bródúil as feidhmiú mar choimeádaí an chrainn oidhreachta thábhachtaigh seo agus tá sí ina hóstach d'fhómhar pobail bliantúil dá torthaí.

- San fhómhar, chuir an Mol Digiteach fáilte uair eile roimh léachtóir an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD), Gareth Kennedy, agus a mhic léinn ó NCAD FIELD a chabhraigh linn piorraí a bhaint. Ag an am céanna bhain Gareth leas as an deis an bealach a réiteach don bhliain acadúil.
- Níos luaithe sa bhliain d'óstáil an Mol Digiteach ceardlann phraiticiúil beangaithe crann le Brian Dillon ó thionscadal Úllord Chill Chainnigh agus Gareth Kennedy agus a chuid mac léinn ón NCAD inar tógadh beangáin chun beangú a chumasú d'fhonn an crann tábhachtach seo a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.







# Ag Díriú ar an mBraisle Fiontraíochta

I dtreo dheireadh 2024 shroich campas an Mhoil Dhigitigh áitíocht 93%. D'fhill ioncam agus líon na ndaoine a tháinig isteach go dtí leibhéil nach bhfacthas ó phaindéim Covid -19. Bhí 58 balleagraíocht san iomlán ann, a fhostaíonn níos mó ná 600 duine le chéile, ar fud réimse leathan foirgneamh.


Tháinig aon bhall déag nua isteach sa champas, agus leathnaigh ochtar ball reatha a gcuid oifigí le linn 2024, in ainneoin tóir leanúnach a bheith ar chianobair agus ar obair hibrideach.

I dteannta a chéile, tá spás oifige os cionn 46,735 troigh chearnach ar léas ag na ballghnólachtaí anois as 51,656 troigh chearnach atá ar fáil san iomlán. Is méadú beagnach 300% ó R1 2022 é seo, tráth a raibh díreach os cionn 16,000 troigh chearnach in úsáid do spás oifige.


Is féidir éagsúlacht na gcuideachtaí a fheiceáil sa ghraf thall. Tá thart ar dhá thrian de na ballghnólachtaí bunaithe ar raon teicneolaíochtaí digiteacha agus Idirlín, agus tá baint ag an gcuid eile le tionscail chruthaitheacha amhail léiriú scannán agus amharclainne, fiontair shóisialta nó eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Tá go leor de na gnólachtaí atá dírithe ar an teicneolaíocht, amhail MEG agus Neuromod, bunaithe sa Mhol Digiteach ón am i bhfad roimh phaindéim Covid-19, agus is eagraíochtaí níos lú iad siúd a chuaigh isteach ó 2022 i leith, a bhfuil baint acu leis na tionscail chruthaitheacha.

### Anailís Earnála ar Chliantchuideachtaí an DHDA 2024




### An bhliain a dtháinig na baill reatha isteach sa Mhol Digiteach



Ós rud é go bhfuil balleagraíochtaí ag feidhmiú ar thús cadhnaíochta sa teicneolaíocht, sna meáin dhigiteacha agus sna tionscail chruthaitheacha in Éirinn, d'éirigh le go leor díobh in 2024. Ar chuid de na buaicphointí áiríodh:

- I mí Eanáir, d'ainmnigh an t-ardán cothromais Spark Crowdfunding, MEG, a fhorbraíonn uirlisí cúram sláinte digiteacha, mar cheann de na cuideachtaí is uaillmhianaí in Éirinn. Bhí an gnó rangaithe freisin sa 24ú háit sna Gradaim Teicneolaíochta Fast 50 Deloitte i mí na Samhna.
- I mí an Mhárta, bhí Akara Robotics ar dhá cheann déag de ghnólachtaí nuathionscanta a roghnaíodh don Rang iomráiteach trí mhí Techstars Healthcare Accelerator na bliana 2024 i Los Angeles agus tar éis triail rathúil in Ospidéal na Stát Aontaithe, leanann an chuideachta teicneolaíochta cúram sláinte ar aghaidh ag dul chun cinn go seoigh i margadh Mheiriceá. Chomh maith leis sin, d'úsáid an chuideachta dhá róbat dí – éillithe úrscothacha ag dhá ospidéal NHS i mí na Nollag.
- I mí Aibreáin, ainmníodh Cian Donovan agus Robbie Scott, comhbhunaitheoirí Akara, i measc roinnt fiontraithe eile as Éirinn i liosta iomráiteach Forbes Eorpach Faoi bhun 30.
- I mí na Bealtaine, bronnadh an Séala Eorpach Teanga ar dhá eagraíocht sa Mhol Digiteach mar aitheantas ar a gcuid oibre nuálaí agus inspioráideach i dteagasc, i bhfoghlaim agus i gcur chun cinn teanga. D'oibrigh Teangacha Iar – bhunscoile Éireann agus H2 Learning i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin chun Tionscadal Foghlama Cumaisc na Polainnise don Ardteistiméireacht a fhorbairt.
- Chomh maith leis sin, i mí na Bealtaine d'fhógair patientMpower comhaontú le Erasmus MC, Ionad Saineolaithe Eorpach um Ghalar Scamhóg Scáineach (ILD). Úsáidfidh an chuideachta teicneolaíocht patientMpower chun bealach cúraim nua atá cumasaithe go digiteach a chumasú d'othair a bhfuil ILD orthu.
- I mí an Mheithimh, leathnaigh Neuromod Devices, cuideachta teicneolaíochta leighis a d'fhorbair gléas cóireála tinnitus, a láithreacht sna Stáit Aontaithe trí chomhpháirtíocht le 14 clinic nua chun a ghléas cóireála tinnitus Lenire, atá ceadaithe ag FDA a thairiscint. Bronnadh conradh ó Rialtas na Stát Aontaithe ar an gcomhlacht freisin, chun rogha cóireála a dhéanamh de Lenire don 2.9 milliún seansaighdiúir de chuid na Stát Aontaithe a bhfuil tinnitus orthu.
- I mí na Samhna bhronn Institiúid Dearthóirí na hÉireann an chatagóir Dearadh Eispéiris is Fearr ar Context Studio as a cuid oibre ar an tionscadal 'Sustainable Energy Communities: From Plan to Do'.

Tá timpeallacht thacúil ag cuideachtaí ag an Mol Digiteach i gcónaí, lena n-áirítear deiseanna chun foghlaim ó shaineolaithe agus óna chéile ag imeachtaí éagsúla a reáchtálann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ar an gcampas agus daoine eile san éiceachóras i gcoitinne.



I measc na mbuaicphointí in 2024 bhí:

- Reáchtáladh maidin chaife ag an Iosta Digiteach chun Lá Idirnáisiúnta na mBan 2024 a chomóradh. Tugadh cuireadh do thriúr ban ó na balleagraíochtaí labhairt ar an gcaoi a bhfuil inbhuanaitheacht agus eitic ina gcroíphrionsabail dá ngnólachtaí. Thug Jenny Kiernan ó Scribble & Stone, Alison Byrne ó Wildbird Studio agus Jessica ó Jessica Brennan Design eolas tosaigh ar a gcuid gnólachtaí faoi seach agus labhair siad faoin chúis go bhfuil an prionsabal 'Ceannaigh níos lú, Ceannaigh níos fearr' chomh tábhachtach dóibh. Ag an am céanna thaispeáin siad raon dá gcuid oibre cruthaitheach agus táirgí freisin.
- Reáchtáladh seisiún ar 'Deontais, Tacaíochtaí agus Deiseanna Infheistíochta do Ghnólachtaí i mbun scálaithe in Éirinn' i mí Dheireadh Fómhair chun baill a chur ar an eolas maidir le conas a seans a uasmhéadú infheistíocht a fháil chun fás a chothú.






- Reáchtáil Oifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath imeacht ag an Mol Digiteach mar chuid de Sheachtain Fiontair Bhaile Átha Cliath 2024. Áiríodh air seo cainteoirí inspioráideacha, ar bhain a ngnólachtaí tairbhe as tacaíochtaí a thug an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO), agus leag siad béim ar na cineálacha éagsúla deontas atá ar fáil, na critéir incháilitheachta agus an próiseas iarratais. Lena chois sin reáchtáil an Oifig Fiontair Áitiúil Grodchúrsaí "Tosaigh do Ghnó féin" ráithiúil i Stiúideo D8.
- Reáchtáil éascaitheoirí réimse imeachtaí folláine do na balleagraíochtaí agus dá bhfoireann tríd an gclár Smart D8. I measc na ngníomhaíochtaí i rith na bliana bhí ióga, ranganna anála agus ficheall.

### Spásanna ilchuspóra

Soláthraíonn sraith spásanna oibre an Mhoil Dhigitigh spás solúbtha do nuálaíocht teicneolaíochta, obair chruthaitheach, cruinnithe agus imeachtaí. Cruthaíodh na spásanna ilchuspóra ó spás oifige atá ar fáil tar éis phaindéim Covid -19 agus tá siad ina n-acmhainn luachmhar anois, ní hamháin do thionscnaimh agus do bhaill na Gníomhaireachta féin, ach d'eagraíochtaí ealaíon, teicneolaíochta, gnó agus oideachais ar fud Bhaile Átha Cliath. Cuireann úsáid spásanna den sórt sin le beocht an Mhoil Dhigitigh, rud a thugann go leor cuairteoirí céaduaire chuig an gcampas.

In 2024, bhí éileamh mór ar 7,500 troigh chearnach na spásanna a bhí ar fáil — An Banc, Stiúideo iD8, Bá 1, Stiúideo 2 agus codanna d'fhoirgneamh na hIathlainne — le haghaidh réimse leathan imeachtaí lena n-áirítear cleachtaí, féilte áitiúla, meantóireacht, laethanta oiliúna, agus cruinnithe. Bhí breis agus 1,300 lá sa bhliain féilire curtha in áirithe ar fud na gcúig shuíomh ar fad.

Mar thoradh ar ghníomhaíocht sna spásanna seo bhí ioncam breise €120,000 agus 23,000 cuairteoir breise ag freastal ar an Mol Digiteach i rith na bliana.

Bhain institiúidí áitiúla ar nós Institiúid Ceoil BIMM Bhaile Átha Cliath, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha agus Ionad Géarchéime na hÚcráine in Éirinn úsáid as spásanna an Mhoil Dhigitigh do ranganna agus ceardlanna oideachais i rith 2024.

D'úsáid Amharclann na Mainistreach agus The Gaiety spásanna go forleathan le haghaidh cleachtaí freisin. Reáchtáladh léirithe mar chuid d'Fhéile Amharclannaíochta Bhaile Átha Cliath agus d'Fhéile ar an Imeall Bhaile Átha Cliath i dteannta le réimse leathan imeachtaí lena n-áirítear iad siúd a bhí mar chuid den chlár Culture Date le Dublin 8 agus Féile na Saoirsí.

Ó thug an Mol Digiteach a chéad spás oibre d'imeachtaí isteach in 2021, is é sin, Stiúideo iD8, lean sé ag leathnú líon na spásanna is féidir a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla. Tá infheistíocht déanta aige freisin ina chuid áiseanna chun a chinntiú go leanfaidh campas an Mhoil Dhigitigh ag tairiscint timpeallacht fháilteach, thacúil d'eagraíochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta dá gcuid cruinnithe agus imeachtaí.






# Ag Díriú ar Chláir agus ar Chomhpháirtíochtaí Pobail

Seachadann an Mol Digiteach cláir shamhlaíocha, nuálacha a chuimsíonn earnálacha agus disciplíní éagsúla. Áirítear orthu scileanna an 21ú haois a fhorbairt i ndaoine óga agus aosta chomh maith le hacmhainneacht na teicneolaíochta digití agus an ábhair dhigitigh a léiriú chun sláinte agus folláine na saoránach agus inbhuanaitheacht thimpeallacht Bhaile Átha Cliath 8 a chur chun cinn.




Is é atá i gceist leis an obair seo eagraíochtaí agus daoine aonair a thabhairt le chéile a bhfuil na scileanna agus an saineolas acu chun cláir inscálaithe a sholáthar a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt i réimsí amhail IS, domhainteicneolaíocht, foghlaim dhigiteach, na healaíona digiteacha, na sláinte agus folláine agus an fhorbairt pobail.

## RoboHub Kids

In 2024, chuir an Mol Digiteach tús le RoboHub Kids i gcomhar le Akara Robotics. Bhí 43 scoláire rannpháirteach sa chlár róbataice agus códaithe seo ar fud dhá bhunscoil i mBaile Átha Cliath 8, rud a chuir spéis i STEM chun cinn trí thopaicí amhail leictreachas, ríomhchlárú agus róbataic a chlúdach.



I dtosach báire rinneadh é a reáchtáil ar bhonn treoirthionscadail le 22 scoláire ó Bhunscoil Naomh Bríd. Leathnaigh sé go déanach in 2024 le 21 scoláire breise ó Scoil Náisiúnta Naomh Audeon. I measc na seisiún seachtainiúil bhí ciorcaid tógála, bugaithe róbatacha a chur le chéile, agus bealach a aimsiú ar chúrsaí constaicí.




## Táirgeoirí Roblox

Reáchtáil an Mol Digiteach an clár Roblox Rising Producers i gcomhar le Hologen. Chuir an clár seo oiliúint ar 118 scoláire ó scoileanna Bhaile Átha Cliath 8 i bhforbairt cluiche trí úsáid a bhaint as Stiúideo Roblox. Bhí 44 scoláire páirteach ann ar dtús agus leathnaigh sé chun freastal ar an éileamh mór, tráth ar cuireadh 74 rannpháirtí nua leis. Sna seisiúin cuireadh béim ar chódú, ar dhearadh, agus ar obair foirne, rud a rinne chruthaitheoirí cluichí as tomhaltóirí cluichí.

## Clár Podchraolta

Rinneadh Clár Podchraolta an Mhoil Dhigitigh a reáchtáil ar bhonn treoirthionscadail ó Bhealtaine go Meitheamh 2024 le 16 dalta ón séú rang ó Phobalscoil Náisiúnta na Cathrach Theas agus tá sé ina thairiscint oideachais chruthaithe ag an bpointe seo ina múintear eolas bunaidh an léirithe phodchraolta do dhaltaí.






Sa chlár seo atá forbartha ag Aidan Fitzmaurice agus Dervilia Roche, an chéad Staraí Cónaithe do Leanaí i mBaile Átha Cliath, cumasctar cruthaitheacht, stair áitiúil, agus scileanna teicniúla. Treoraítear scoláirí trí thaighde, pleanáil ábhair, cruthú agus taifeadadh jingle.

Saibhríodh seisiúin a reáchtáladh sa Mhol Digiteach le turais siúil an cheantair áitiúil agus ar Chaisleán Bhaile Átha Cliath, arna n-eagrú ag Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tar éis é a reáchtáil mar threoirthionscadal go rathúil cuireadh an clár i bhfeidhm go céimneach do 24 dalta rang a ceathair i Scoil Náisiúnta St Catherine's i mí na Samhna 2024.

### Seisiúin Bhlaiste Chódúcháin

Idir Meán Fómhair agus Nollaig 2024, reáchtáil an Mol Digiteach 22 cheardlann códaithe i naoi mbunscoil i mBaile Átha Cliath 8. Bhí 374 scoláire rannpháirteach iontu (204 cailín, 170 buachaill).

Faoi stiúir an teagascóra Rodhán Hickey, baineadh úsáid sna seisiúin 90 nóiméad as Microsoft MakeCode Arcade chun buneolas códaithe agus forbartha cluichí a mhúineadh. I measc na ngníomhaíochtaí bhí dífhabhtú, cruthú cluichí agus saincheapadh tionscadail.

### Tionscadal Ceoil Liber8

Bhí Tionscadal Ceoil Liber8 ar siúl ó Dheireadh Fómhair go Nollaig. Bhí 27 scoláire idir 14 agus 16 bliana d'aois ó sheacht scoil i mBaile Átha Cliath 8 agus ó na ceantair máguaird rannpháirteach sa chlár cruthaitheach iarscoile seo.

Bhunaigh an Mol Digiteach agus Institiúid Cheoil BIMM Bhaile Átha Cliath an clár seo mar threoirthionscadal in 2017 chun deis a thabhairt do dhaoine óga, nach bhfuil ach nochtadh teoranta acu b'fhéidir, do cheol agus do na meáin dhigiteacha, tumadh isteach i gclár cruthaitheach a chabhróidh leo freisin na scileanna 21ú haoise a bheidh ag teastáil uathu a fháil chun go n-éirí leo ina ngairmeacha beatha. Cuireadh críoch leis an gclár le gig taispeántais speisialta ar fhreastail teaghlaigh agus cairde air chun ceiliúradh a dhéanamh ar scileanna ceoil agus digiteacha agus ar chruthaitheacht na ndaltaí.

### Smart D8

Is léiritheoir sláinte agus folláine fíorshaoil é Smart D8. D'fhorbair sé rochtain d'úsáideoirí deiridh in abhantrach 45,000 duine chun tús áite a thabhairt do bhailíochtú margaidh le haghaidh taighde agus nuálaíochtaí sláinte agus folláine.

Tá naisc dhíreacha ag an gclár le saoránaigh agus le soláthraithe seirbhíse agus oibríonn sé chun riachtanais fíorshaoil a mheaitseáil le hábhar agus teicneolaíochtaí nuálacha, inscálaithe.

Tá cur chuige leathan á fhorbairt ag Smart D8 maidir le sláinte agus folláine pobail a chuimsíonn cosc chomh maith le cóireáil sa phobal. Cuireann an cur chuige 'an tsochaí ar fad' seo deis ar leith ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sláinte agus folláine an phobail





Tá cur chuige leathan á fhorbairt ag Smart D8 maidir le sláinte agus folláine pobail a chuimsíonn cosc chomh maith le cóireáil sa phobal.

sa bhfíorshaol trí chineálacha nua comhoibrithe a thaispeáint agus teicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha nua a reáchtáil mar threoirthionscadal ag an am céanna.

Mar thoradh ar threoirthionscnaimh a cuireadh ar siúl idir 2021 agus 2024 bhí 16 príomh-theoirthionscnamh ann a raibh níos mó ná 8,000 úsáideoir deiridh rannpháirteach iontu go díreach. Tá líonra bríomhar clár atá dírithe ar an bpobal bunaithe agus curtha ar fáil ag Smart D8 d'oibrithe, do chónaitheoirí agus do scoláirí — agus tá níos mó ná 1,000 saoránach rannpháirteach iontu. Bhunaigh sé seo caidrimh le 34 eagraíocht pobail, 18 scoil, 8 réamhscoil, 3 seirbhís oideachais aosaigh agus 3 líonra pobail a dhéanann ionadaíocht ar bhreis is 9,000 saoránach (21% de dhaonra áitiúil an Mhoil Dhigitigh).

Tá Smart D8 á sheachadadh ag réimse éagsúil fiontraithe, lucht acadúil, soláthraithe rialtais áitiúil, soláthraithe cúraim sláinte náisiúnta agus comhlachtaí poiblí atá ag obair i gcomhar a chéile chun dúshláin a bhaineann le sláinte agus folláine an phobail a réiteach ar leibhéal fairsing. Tá an Mol Digiteach ar cheann de thrí phríomhpháirtí, in éineacht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ospidéal San Séamas.

I measc na mbuaicphointí in 2024 tá:

- Eisíodh an ceathrú glao ar réitigh treoirthionscadail nuálacha sna téamaí Sláinte Pobail, Oideachas agus Comhshaol. Fuarthas cúig iarratas is daichead ón bhfiontar, ón saol acadúil, ón earnáil phoiblí agus ón tsochaí shibhialta, rud a d'fhág go raibh cúig treoirthionscadal eile ann:
    - Córas Bainistíochta Digiteach Cógais, le Pobal Simon Bhaile Átha Cliath.
    - Turais chúraim Portasana® Ospidéal San Séamas faoi stiúir Lyndsey Watson agus Sonia Neary as Wellola.
    - Rochtain ar Léarscáil Faisnéise ag Ionad Taighde CP-life in Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI.
    - An threoirscéim Sláinte Inchinne, faoi stiúir an Dr Nicholas Johnson ag an Institiúid Dhomhanda um Shláinte Inchinne/Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i gcomhar le Outlandish Theatre Platform.
    - Kids Speech Labs, fiontar leis an Dr Shona D’Arcy
- Tionóladh an dara Taispeántas bliantúil Smart D8 i mí Dheireadh Fómhair. Bhí deis ag an lucht freastail foghlaim faoi obair chomhoibritheach dáréag eagraíocht éagsúla atá os comhair an phobail, mar chuid den chuibhreannas Smart D8, taithí a fháil ar an nuálaíocht atá ag tarlú ó ionadaithe treoirthionscadal Smart D8, agus dul i dteagmháil le líonraí agus comhoibrithe Smart D8.



I mí Aibreáin, tríd an tionscnamh Smart D8, bhí deis ag an ngrúpa blaiseadh a fháil de shaol na réaltachta fíorúla. Trí thaispeántas idirghníomhach agus gníomhaíochtaí praiticiúla, rinne na rannpháirtithe iniúchadh ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an teicneolaíocht VR agus ar a cumas siamsaíocht agus oideachas a chur ar fáil.



- Bhain Smart D8 an dara háit amach sa chatagóir Barr Feabhais sa Nuálaíocht i Riarachán Poiblí ag Gradaim na hInstitiúide Eorpaí um Riarachán Poiblí. Is fianaise é an t-aitheantas seo ar shár – iarrachtaí agus éachtaí fhoireann Smart D8 maidir le barr feabhais agus nuálaíocht na hearnála poiblí a chur chun cinn.
- I mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair, chuaigh an Mol Digiteach i gcomhpháirtíocht le Painéal Teagascóirí agus Éascaitheoirí Smart D8 chun sraith ceardlann sláinte agus folláine a thairiscint do chuideachtaí atá lonnaithe sa Mhol Digiteach. Ceapadh an tsraith ceardlanna am lóin chun tacú le dea – shláinte agus folláine bhaill an Mhoil Dhigitigh. Áiríodh orthu idir mhachnamh treoraithe, ióga cathaoireach agus rang fichille. Níos déanaí sa bhliain, chuir Painéal Smart D8 seisiúin chóir ar fáil don fhoireann sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha agus cúrsaí sláinte agus folláine eile do phobal Ionad Fiontair Guinness.

**Gluaiseachtaí Cliste – Smart Moves**

Bhí deis ag níos mó ná 500 dalta bunscoile i mBaile Átha Cliath 8 a gcuid scileanna luaile a fheabhsú tríd an treoirchlár Gluaiseachtaí Cliste, arna sheachadadh ag MoveAhead agus ag an Mol Digiteach.

Is é MoveAhead an chéad ardán ar domhan do rianú gluaiseachta atá dírithe ar leanaí. Féachann sé le scileanna luaile leanaí a fheabhsú trí shúgradh digiteach agus ba threoirthionscadal de chuid Smart D8 é in 2023.

Sa treoirscéim rinneadh meastóireacht ar scileanna luaile breis is 500 leanbh i mBaile Átha Cliath 8 agus forbraíodh clár sé seachtaine dá toradh chun tógáil ar scileanna gluaiseachta a aithníodh sa mheastóireacht mar scileanna a raibh tacaíocht de dhíth orthu. Fuarthas amach i dtaighde roimhe seo nach féidir le formhór na leanaí aon léim fhada, scipeáil nó a rith i gceart mar gheall ar úsáid feistí digiteacha a bheith ag méadú an t-am ar fad.

**An D8 Surfers Club**

Tá an tionscnamh seo ar siúl do dhaoine breacaosta ag an Mol Digiteach gach maidin Dé Máirt ó cuireadh tús leis in 2015. Treoraíonn teagascóir surfálaithe chun teicneolaíochtaí digiteacha a aimsiú agus a úsáid a d'fhéadfadh dul chun tairbhe dóibh ina saol laethúil.

I mí Aibreáin, tríd an tionscnamh Smart D8, bhí an deis ag an gClub taithí a fháil ar shaol na réaltachta fíorúla. Trí thaispeántas idirghníomhach agus gníomhaíochtaí praiticiúla, rinne na rannpháirtithe iniúchadh ar rudaí is féidir a dhéanamh leis an teicneolaíocht VR agus a hacmhainneacht le haghaidh siamsaíochta agus oideachais.




## Clár an Teicneolaí Chónaithe

Ó 2019 i leith, tá deiseanna curtha ar fáil ag an gclár Teicneolaí Cónaithe do theicneolaithe cumasacha nascadh le héiceachóras an Mhoil Dhigitigh, a gcuid saineolais a roinnt agus comhoibriú a chothú.

Bronnadh cónaitheacht na bliana 2024 ar an Dr Dunja Skoko, PhD tar éis glao oscailte ar theicneolaí cónaitheach mná. Eolaí STEM is ea an Dr Skoko a bhfuil PhD sa Bhithfhisic aici. Ina cónaitheacht tá sí ag díriú ar IS a chur i bhfeidhm sa bhfíorshaol.

Tiocfaidh an chónaitheacht chun críche in 2025, agus tá roinnt imeachtaí agus ceardlann á reáchtáil chun nochtadh díreach d'uirlisí IS do dhaoine óga sa phobal áitiúil a éascú. Léireoidh na himeachtaí conas is féidir le IS táirgiúlacht i bhfiontar agus i dtaighde a fheabhsú agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir obair ealaíontóirí a chosaint ar chuimsiú in aschuir IS.

## Clár an Dearthóra Chónaithe

Tá sé mar aidhm ag clár an Dearthóra Chónaithe de chuid an Mhoil Dhigitigh cur ar chumas dearthóirí, amhail iad siúd a bhfuil saineolas deartha táirgí, UX agus UI acu, páirt a ghlacadh i dtionscadail sa bhfíorshaol, i dtaighde ceannródaíoch agus i gcomhoibrithe idirdhisciplíneacha.

Ba é an Dr Glenn Curtin an chéad Dearthóir Cónaithe sa Mhol Digiteach, agus chuir sé tús lena chónaitheacht sé mhí ag campas an Mhoil Dhigitigh i mí Iúil 2024. Mar dhochtúir leighis agus mar dhearthóir UX/Seirbhíse agus spéis aige i gcothromas sláinte domhanda, ceannaireacht óige, agus dearadh nuálach sa tsláinte agus san fholláine, bhí an Dr Curtin in áit mhaith chun dearcadh uathúil, smaointe airgtheacha, agus cur chuige ceannródaíoch a thabhairt leis maidir le dúshláin i réimse na sláinte agus na folláine.

Mar chuid den chónaitheacht seo, bhí sé chun tosaigh i dtionscadal a dhírigh ar conas dífhibrileoirí seachtracha uathoibrithe (AEDanna) a chur chuig daoine a bhfuil stad cairdiach orthu go tapa. Sa tionscadal tugadh le chéile páirtithe leasmhara lena n-áirítear Manna Drone Delivery, An Mol Digiteach agus Seirbhísí Éigeandála chun fréamhshamhail den chéad seirbhís seachadta drón AEDanna in Éirinn a chur ar siúl.

Rinneadh eitilt ionsamhlúcháin i mí na Nollag nuair a iompraíodh dífhibrileoir ó mhol Manna i mBaile Bhlainséir i mBaile Átha Cliath go seoladh in eastát tithíochta in aice láimhe, thart ar 10 nóiméad ón áit sin sa ghluaisteán. Thug an drón, a bhfuil raon de thart ar 20km aige, an dífhibrileoir chuig an teach agus scaoil sé go sábháilte isteach sa ghairdín cúil é, laistigh de thimpeall dhá nóiméad.





# Ag Díriú ar Theagmháil leis an bPobal Ealaíonta agus Cruthaitheach

**Féile Beta 2024**

D'fhill Féile Beta, féile ealaíne agus teicneolaíochta na hÉireann, i mí na Samhna le haghaidh a dara eagráin ag an Mol Digiteach agus ag an gceantar máguaird i mBaile Átha Cliath 8.


Agus í comhbhunaithe agus á tacú ag an Mol Digiteach, bhí clár iomlán na féile, is é sin, na healaíontóirí, na taispeántais, na suiteálacha agus na ceardlanna, ag díriú ar phríomhthéama an chaidrimh idir teicneolaíocht agus cumhacht agus bhí réimsí fócais ar leith ann lena n-áirítear intleacht shaorga agus teicneolaíocht aghaidh-aithint. I measc na mbuaicphointí bhí:






- **Noire, the Unknown Life of Claudette Colvin:** Buaiteoir Fhéile Scannáin Cannes é seo ina n-insítear scéal fíorshaoil Claudette a bhí 15 bliana d'aois nuair nach raibh sí sásta a suíochán bus a thabhairt suas do phaisinéirí geala in Alabama sna 1950í, tráth a raibh leithscaradh i bhfeidhm ansin. Insítear an scéal trí léiriú digiteach tumthach ag baint úsáide as réaltacht fhíorúil agus ag taispeáint cumhacht na scéalaíochta trí theicneolaíocht.
- **Unsettling the Algorithm: Seeds of Resistance:** Rinne an taispeántas idirnáisiúnta seo iniúchadh ar an gcaoi a ndéanann córais dhigiteacha agus algartaim gnáthshaol daoine a mhúnlú, a rialú agus mar imríonn siad tionchar orthu.
- **Líonra na nEalaíontóirí Áitiúil:** Léirigh an taispeántas seo ealaíontóirí Éireannacha atá ag teacht chun cinn.
- **The Ethics Studio:** Spás do bhaill an phobail chun dul i ngleic le fíorábhair imní eiticiúla agus le tionchair fhíorshaol a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, arna fhorbairt in éineacht leis an Ionad Taighde ADAPT ar comhpháirtí taighde na féile é.
- **Tionól ar IS agus Ealaín:** An chéad tionól dá leithéid a thug le chéile príomhshaineolaithe sa teicneolaíocht agus sa chultúr chun réimsí criticiúla i dtionscal na n-ealaíon a phlé a bhfuil tionchar ag IS orthu agus ar cheart féachaint orthu maidir le forbairtí beartais amach anseo.
- Príomh – aitheasc le **Kay Watson, Ceann Teicneolaíochtaí na nEalaíon i nDánlann Serpentine i Londain agus Abebe Birhane**, atá ina bhall de Chomhlacht Comhairleach IS d'Ard – Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus a bhí le feiceáil ar liosta na 100 Duine is mó a bhfuil tionchar acu in IS.

**Studiotopia: Téigh isteach sa Symbiocene le hEalaín agus Eolaíocht**

Tá Féile Beta agus an Mol Digiteach ar cheann de na haon eagraíocht chultúrtha agus eolaíochta Eorpach déag mór le rá a tháinig le chéile faoi bhratach Studiotopia – tionscadal ceannródaíoch a bhfuil sé mar aidhm aige iniúchadh a dhéanamh ar an áit a dtrasnaíonn an ealaín agus an eolaíocht a chéile.







In 2025, óstálfaidh an Mol Digiteach agus Féile Beta cónaitheacht a thabharfaidh le chéile beirt ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn le heolaí seanbhunaithe – an tOllamh Barry O'Sullivan, ollamh i Scoil na Ríomheolaíochta & TF i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Beidh ceardlanna, gníomhaíochtaí agus taighde allamuigh i gceist leis an gcónaitheacht agus cuirfidh na healaíontóirí fréamhshamhail nó saothar ealaíne le chéile don chlár Studiotopia, a chuirfear i láthair ag Féile Beta i mí na Samhna 2025.




## Gradam an Mhoil Dhigitigh in OT Bhaile Átha Cliath

Tá Gradam an Mhoil Dhigitigh mar chuid de chomhpháirtíocht an Mhoil Dhigitigh le OT Bhaile Átha Cliath Bhaile Bhlainséir, a bhfuil sé mar aidhm aige buanna agus scileanna mhic léinn OT Bhaile Átha Cliath a nascadh le héiceachóras cuideachtaí, taighdeoirí, cruthaitheoirí agus teicneolaithe an Mhoil Dhigitigh. Chuaigh gradam na bliana seo chuig Craig McShane as a chlár faisnéise An Gobha: *The Blacksmith of the Boyne Valley*. Sa chlár seo tugtar léargas ar shaothar agus ar shaol an ealaíontóra ghabha Tom King a bhfuil duaiseanna buaite aige. Tugann sé beocht do bhealaí na hÉireann ársa trína chuid ceardaíochta agus taithí.


## Ag Tacú le Féilte Áitiúla

Tá an Mol Digiteach ag tacú le féilte tábhachtacha áitiúla i gcónaí, le Féile na Saoirsí atá ar bun le fada an lá agus le Culture Date with Dublin 8, a reáchtáladh den séú uair in 2024.

Bhí an Mol Digiteach ina chomhpháirtí ionaid do roinnt imeachtaí de chuid Culture Date with Dublin 8 i mí na Bealtaine, lena n-áirítear margadh na míolta speisialta de chuid We Love Markets agus taispeántas grianghraf le Humanans of the Liberties.

Óstáladh eagrán speisialta eile de We Love Markets d'Fhéile na Saoirsí i mí Iúil le himeachtaí eile a reáchtáladh ag an Mol Digiteach. Áirítear orthu seo seisiún scíthe agus líníochta ag spás seomra ranga Flux agus taispeántas a phléigh le stair agus cultúr saibhir na Saoirsí trí shúile chartlann Chumann Forbartha Pobail Iardheisceart Lár na Cathrach.







# Ag Díriú ar Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú

Tá Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú (DEI) fós ina cholún ríthábhachtach don Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (DHDA).



I bhfianaise mhaoirseacht na Gníomhaireachta ar champas comhoibritheach do chuideachtaí, d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair, agus a cuid oibre chun athghiniúint uirbeach a éascú i gceantar na Saoirsí, is féidir ról lárnach a bheith ag an nGníomhaireacht maidir le héagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú a chur chun cinn.

Ar chuid d'obair na Gníomhaireachta sa réimse seo in 2024 áiríodh:

- Go ndearnadh cuid den bpróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne nua na Gníomhaireachta ó 2023 i leith modúl ríomhfhoghlama ar Chomhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí a chur i gcrích. Cuireann an modúl ríomhfhoghlama seo, atá ar fáil ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, ar chumas fostaithe sa tseirbhís phoiblí brí agus luach an chomhionannais, chearta an duine agus Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí a iniúchadh ina gcuid oibre laethúla.
- Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar a Cód Iompair Foirne lena n-áirítear:
    - o Tiomantas do chomhionannas deiseanna agus éadulaingt i leith idirdhealaithe agus ciaptha in obair uile na Gníomhaireachta.
    - o Leagtar amach i gCairt um Dhínit ag an Obair na Gníomhaireachta go gcaithfear go cothrom le gach duine agus go dtabharfar meas dóibh i dtaobh a n-indibhidiúlachta agus a n-éagsúlachta.
- Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar a lámhleabhar foirne lena n-áirítear:
    - o Gealltanas caitheamh go cothrom le gach fostaí, custaiméir agus teagmhálaí gnó, beag beann ar inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine, stádas socheacnamaíoch nó ballraíocht den Lucht Siúil.
    - o Gealltanas cóiríocht réasúnta agus na háiseanna coimhdeacha riachtanacha a chur ar fáil d'fhostaithe reatha agus comhionannas deiseanna a chur ar fáil do gach fostaí ionchasach.
- Cuireadh iarratas ar mhaoiniú caipitil chun inrochtaineacht foirgneamh ag campas an Mhoil Dhigitigh a fheabhsú faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. I measc na n-oibreacha a tháinig as sin bhí rampa inrochtaineachta agus leithreas nua in An Banc.
- Lean an Ghníomhaireacht uirthi ag cinntiú go gcomhlíonann a suíomh gréasáin corparáideach riachtanais inrochtaineachta.
- D'óstáil an Ghníomhaireacht imeachtaí agus tionscnaimh éagsúla agus thacaigh sí leo, a thagann lena cuid oibre maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn.

I measc na samplaí bhí:

- o Sheol an Mol Digiteach a chéad ghlao oscailte ar Theicneolaí Cónaitheach mná mar fhreagairt ar thaighde atá ann cheana a léiríonn an bhearna inscne i STEM, agus atá ar aon dul le Beartas EDI an Mhoil Dhigitigh. Bronnadh an Chónaitheacht ar an Dr Dunja Skoko, Ph.D., a bheidh ag díriú ar cónaitheacht ar IS a chur i bhfeidhm sa bhfíorshaol. Beidh deireadh leis an gcónaitheacht in 2025, agus tá roinnt imeachtaí agus ceardlann á bpleanáil.





- o D'fhonn Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh i mí an Mhárta, reáchtáil an Mol Digiteach maidin chaife inar labhair triúr cainteoirí inspioráideacha, a bhfuil gnólachtaí acu ar champas an Mhoil Dhigitigh, faoina n-aistir ghairme agus iad ag roinnt leideanna agus comhairle. Rinneadh líonrú do bhaill ina dhiaidh sin.

In 2025, leanfar den obair ar fhreagrachtaí DEI an DHDA agus áireofar na nithe seo a leanas inti:

- Tabharfar faoi mheasúnú ar na saincheisteanna um Chearta an Duine agus Comhionannas a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta mar chuid d'fhorbairt Straitéise Corparáidí a chlúdaíonn an tréimhse 2026-2028.
- Plean gníomhaíochta um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú a fhorbairt.
- Athbhreithniú ar bheartas na Gníomhaireachta um Éagsúlacht, Comhionannas agus Cuimsiú.
- Oiliúint Feasachta Míchumais nuashonraithe an Údaráis Náisiúnta Míchumais a bheith críochnaithe ag gach ball foirne nuair a bheidh sé beo in 2025.



# Ag Díriú ar an tSeirbhís Phoiblí trí Ghaeilge

Leanann an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh a cuid dualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.


In 2024, rinneamar bearta éagsúla chun Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Áirítear orthu:

- Tús a chur le próiseas chun gach comharthaíocht ar an gcampas a a thabhairt cothrom le dáta chun an Ghaeilge a chur san áireamh in 2024 agus tá sé le críochnú in 2025 mar chuid de thionscadal níos leithne chun comharthaíocht agus aimsiú bealaí a fheabhsú ar fud champas an Mhoil Dhigitigh.
- Cumas Gaeilge a áireamh mar chritéir inmhianaithe i ngach folúntas poist.
- Folúntais a fhoilsiú i nGaeilge agus iad a fhógairt sna meáin agus sna meáin shóisialta Ghaeilge/ardáin ar líne.
- Freagra a thabhairt i nGaeilge ar aon chomhfhreagras a fuarthas i nGaeilge.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar stáiseanóireacht oifigiúil lena chinntiú go bhfuil sí ag úsáid na Gaeilge mar is cuí.
- Príomhcháipéisí oifigiúla, ar nós tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta, a fhoilsiú i nGaeilge.
- An fhoireann a spreagadh chun leas a bhaint as na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge d'fhonn soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a éascú.

Éilíonn forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 go mbeadh 20% d'fhógraíocht chomhlachtaí poiblí i nGaeilge, agus caithfidh baint a bheith ag 5% dá chaiteachas fógraíochta leis na meáin Ghaeilge. Chaith an DHDA €2,115.74 san iomlán ar fhógraíocht in 2024 agus caitheadh €1,180.80 (55.81%) den chaiteachas sin sna meáin Ghaeilge.

Caitheadh €2,294.25 (gan CBL) san iomlán ar sheirbhísí aistriúcháin in 2024. I measc na seirbhísí sin bhí an t-aistriúchán ar thuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta agus doiciméadú a úsáidtear i bhfeachtais earcaíochta éagsúla.





# Cuideachtaí agus Eagraíochtaí ag an Mol Digiteach in 2024

1. 11 PR and Events
2. Aerial
3. Áine O'Sullivan Casting and Audience Design with Síle Culley
4. Akara Robotics
5. All Ireland Insurance
6. Allgo
7. Amplify Agency
8. Ealaíona & Míchumas Éireann
9. Institiúid BIMM Bhaile Átha Cliath
10. Foireann Margaíochta Bitcoin
11. Bizimply
12. Bricolage
13. Change Clothes
14. Container Coffee
15. Context Studio
16. Curious Dog Films
17. Curtins
18. Dead Centre
19. Dublin Inquirer
20. Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath
21. Eclipse Pictures
22. EnergyCAP
23. Feline Films
24. Field:arts
25. Flexi-Hub
26. Flux
27. Golden Ratio Productions
28. Good Travel Software
29. H2 Learning
30. iNavtas
31. Incognito Software Systems
32. JUVO
33. Kavaleer
34. Comhpháirtíocht na Life
35. Lonely Planet
36. MEG
37. MyVolts
38. Neuromod Devices
39. Odin Consultants
40. Pallas Projects/Studios
41. patientMpower
42. Payoma
43. Pocket Forests
44. Teangacha Iar – bhunscoile Éireann
45. Quantum Information Systems
46. Rolling News
47. Scribble & Stone
48. Bord Ospidéal San Séamas
49. Sweeney's Garage
50. Tionscadal Pobail na Saoirsí
51. The Radharc Trust
52. The Stinging Fly
53. Total Digital
54. Tyro Technologies
55. UX Design Institute
56. Verdant Productions
57. VM Digital
58. Xwerx






# An Bord

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as straitéis agus beartais leathana na Gníomhaireachta a leagan síos agus tá freagracht mhaoirseachta air as gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Ceapann an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide comhaltaí an bhoird le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir théarmaí an Achta um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Maireann ceapacháin bhoird ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana, agus tá baill incháilithe lena n-athcheapadh.

Laistigh dá ghníomhaíochtaí féin agus d'úsáid coistí le téarmaí tagartha faofa acu, oibríonn an Bord de réir na bhforálacha atá leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, agus laistigh de na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tionólann an Bord an oiread cruinnithe gach bliain agus is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus cruinniú amháin ar a laghad in aghaidh na ráithe.

Nuair a thagann folúntais chun cinn ar an mBord, cuireann an Cathaoirleach cothromaíocht inscne an Bhoird reatha in iúl don Aire agus deimhníonn sé go gcuirfeadh an Bord fáilte roimh éagsúlacht leanúnach agus tuilleadh éagsúlachta ina bhallraíocht. Tá leasú a rinneadh le déanaí ar Acht na Gníomhaireachta tar éis ballraíocht an bhoird a laghdú go dtí ochtar stiúrthóirí. Ciallaíonn sé seo nach féidir an chothromaíocht inscne a athchoigeartú ach amháin de réir mar a thagann folúntais chun cinn ón mballraíocht reatha.

**Comhaltaí an Bhoird 2024**



**Paul Holden**
Cathaoirleach



**Fiach Mac Conghail**
Comhalta Boird & POF



**Austin Campbell**
Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin



**Stephen Casey**
Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin



**Brian Keogh**
Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin



**Darina Kneafsey**
Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin



**Nora Nanayakkara**
Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin



**Richard Shakespeare**
Comhalta Boird (Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).




# Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2024


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 26 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 32 |
| Tuarascáil an Ard – Reachtaire Cuntas agus Ciste | 34 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil | 37 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 38 |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais | 39 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 40 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 41 |




# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### Rialachas

Bunaíodh Bord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá sé freagrach as dea – rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

I mí Aibreáin 2021, chinn an Rialtas an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh agus go bhfuil a sócmhainní talún agus maoine go léir le haistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún. Teastaíonn reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don chinneadh.

Ní mór don POF agus don bhfoireann bainistíochta sinsearaí cloí leis an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 agus i Lámhleabhar Rialachais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach, ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird. I measc na mbuanmhíreanna atá á mbreithniú ag an mBord tá:

- dearbhú leasanna;
- tuarascálacha ó choistí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- tuarascálacha ar fheidhmíocht;
- díscaoileadh na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach agus
- nithe forchoimeádta.

Ceanglaítear le hAlt 31 (4) den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 ar Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh sé de bheith i mbun oibríochta; agus
- a lua ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil a insíonn, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 31 (4) den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach trí thagairt don phlean agus don bhuiséad bliantúil an 26 Feabhra 2025.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta reasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

In 2024, lean an Bord lena fhreagrachtaí rialachais, agus reáchtáladh gach cruinniú Boird agus Coiste sceidealaithe. Reáchtáladh cruinnithe Boird agus Coiste ar an láthair, go cianda trí fhíschomhdháil agus ar bhealach hibrideach ar an láthair agus ar líne.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach léargas fíor, cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2024.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean.)

### Struchtúr an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí Cathaoirleach, cúigear gnáthchomhaltaí agus comhalta ex-officio amháin (an POF) ar an mBord. Cheap an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Cathaoirleach agus cúigear gnáthchomhaltaí.

Leagtar amach sa tábla thíos na tréimhsí ceapacháin do dhaoine a fhónann ar an mBord le linn 2024:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta ceaptha céaduaire | Dáta éaga an téarma |
|---|---|---|---|
| Austin Campbell | Gnáthchomhalta/Ionadaí an Phobail Áitiúil | 05/07/22 | 04/07/25 |
| Brian Keogh | Gnáthchomhalta | 03/06/16 | 02/06/27 |
| Darina Kneafsey | Gnáthchomhalta | 05/07/19 | 04/07/25 |
| Fiach Mac Conghail | Comhalta ex-officio/ Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 21/10/16 | 20/10/26 |
| Nora Nanayakkara | Gnáthchomhalta | 05/07/19 | 31/07/24 |
| Paul Holden | Gnáthbhall Cathaoirleach | 29/05/12 | 04/07/25 |
| Stephen Casey | Gnáthchomhalta | 05/07/19 | 04/07/25 |
| Richard Shakespeare | Gnáthchomhalta/Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 10/09/23 | 09/09/26 |

Rinneadh Cleachtadh seachtrach Éifeachtachta agus Meastóireachta Boird in 2025. Bhreithnigh an Bord torthaí an athbhreithnithe seo ar an 26 Feabhra 2025. Bhunaigh an Bord dá choiste, mar seo a leanas:

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an ARC go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus i scríbhinn go foirmiúil gach bliain.

Ba iad baill an ARC sa bhliain: Stephen Casey (Cathaoirleach), Alice Butler (ball seachtrach) agus Darina Kneafsey. Bhí sé chruinniú ag an ARC in 2024.

**An Coiste Réadmhaoine:** Is é ról an Choiste Réadmhaoine tacú leis an mBord trí mhaoirseacht a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht agus ar éifeachtacht chur i bhfeidhm bheartais na Gníomhaireachta ag an mbainistíocht maidir lena punann réadmhaoine agus tuairisciú ar a thorthaí don Bhord go rialta.

Ba iad comhaltaí an Choiste seo sa bhliain: Brian Keogh (Cathaoirleach), Austin Campbell, Paul Holden agus Richard Shakespeare. Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Réadmhaoine in 2024.

### Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tá sceideal i dtaca le freastal ar chruinnithe Boird agus Coiste in 2024 leagtha amach thíos. Tá na táillí agus speansais a fuair gach ball san áireamh:

| | Bord | Coiste Iniúchóireachta | Coiste Réadmhaoine | Táillí 2024 € | Speansais 2024 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Alice Butler* | – | 5 | – | – | – |
| Austin Campbell | 6 | – | 7 | 7,695 | – |
| Brian Keogh | 4 | – | 8 | 7,695 | – |
| Darina Kneafsey | 5 | 6 | – | 7,695 | 2,615 |
| Fiach Mac Conghail** | 6 | – | – | – | – |
| Nora Nanayakkara | 2 | – | – | 4,489 | – |
| Paul Holden | 6 | – | 8 | 11,970 | – |
| Richard Shakespeare** | 3 | – | 4 | – | – |
| Stephen Casey | 6 | 6 | – | 7,695 | – |
| **Iomlán** | **38** | **17** | **27** | **47,239** | **2,615** |

* *Comhalta seachtrach den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca gan phá.*

** *Ní íoctar táillí le comhaltaí an Bhoird atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí, faoi threoir an Phrionsabail 'Duine amháin Tuarastal amháin', arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Dá bharr sin, ní raibh táillí á bhfáil ag beirt chomhaltaí Bord an DHDA, le linn na bliana (Fiach Mac Conghail agus Richard Shakespeare).*

Íocadh táillí le comhaltaí an Bhoird ag na rátaí caighdeánacha faofa i leith na dtréimhsí a bhí i gceist.

### Príomhathruithe Pearsanra

Bord

- D'éirigh Nora Nanayakkara as a post mar Chomhalta den Bhord an 31 Iúil 2024.
- Athcheapadh Brian Keogh mar Chomhalta den Bhord ar an 3 Meitheamh 2024.

An Coiste Réadmhaoine

- Ceapadh Richard Shakespeare mar Chomhalta den Choiste Réadmhaoine an 22 Feabhra 2024.

Rúnaí Boird

Ceapadh Eoin Corrigan mar Rúnaí an Bhoird, mar Phríomhoifigeach Airgeadais, mar Phríomhoifigeach Riosca agus mar chomharba éigeandála ar an bPOF an 22 Feabhra 2024.

### Nochtaí a Éilítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach le riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”) mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 é. Éilítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean.)

### Costais Chomhairleoireachta

Áirítear ar chostais chomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách'.

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 8,229 | 10,379 |
| Comhairleoireacht agus athfhorbairt | 31,099 | 69,586 |
| Sláinte agus sábháilteacht | 2,800 | 3,218 |
| Rialachas | 2,500 | 6,175 |
| Luacháil réadmhaoine | 6,250 | 6,115 |
| Iniúchadh inmheánach agus cáin | 65,597 | 39,003 |
| Iniúchadh fuinnimh | 9,975 | – |
| **Costais chomhairleoireachta iomlána** | **126,450** | **134,476** |
| Costais chomhairleoireachta arna gcaipitliú | 31,099 | 69,586 |
| Costais chomhairleoireachta a ghearrtar ar an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil | 95,351 | 64,890 |
| **Iomlán** | **126,450** | **134,476** |

### Costais dlí agus Glantaí

In 2024, níor thabhaigh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach aon chostais ná glantaí dlí faoi na téarmaí atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| – Bord | 2,216 | 2,126 |
| – Fostaithe | 614 | 167 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| – Bord | – | 308 |
| – Fostaithe | 1,281 | 701 |
| **Iomlán** | **4,111** | **3,302** |

### Caiteachas ar Fháilteachas

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas cliaint* | 14,824 | 14,020 |
| Fáilteachas foirne | 1,236 | 2,043 |
| **Iomlán** | **16,060** | **16,063** |

* *Áirítear air imeachtaí fiontraíochta agus líonraithe pobail ar an gcampas.*

### Ráiteas ar Chomhlíonadh

Bhí an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 amhail an 31 Nollaig 2024 cé is moite de ghné amháin mar a thuairiscítear thíos.

Ag a chruinniú ar an 25 Deireadh Fómhair 2024, bheartaigh an Bord tús a chur leis an obair ar straitéis trí bliana a sheachadadh a fhorbrófar agus a sheolfar in 2025.

In éagmais straitéise, d'fhaomh an Bord spriocanna/cuspóirí don tréimhse 2024 an 7 Nollaig 2023 agus cuireadh in iúl don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad. D'fhaomh an Bord spriocanna/cuspóirí don tréimhse 2025 an 5 Nollaig 2024 agus cuireadh in iúl don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad.

Síniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Comhalta den Bhord

Dáta: 13ú Bealtaine 2025

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

### Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Tugann an córas dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad go tráthúil.

### Cumas chun Riosca a Bhainistiú

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun tacú lena bhainistiú riosca trí na nithe seo a leanas a bhunú:

(i) beartas bainistithe riosca;

(ii) beartais, nósanna imeachta agus oiliúint iomchuí maidir le bainistiú riosca;

(iii) feidhm iniúchóireachta inmheánaí chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le héifeachtacht an rialaithe inmheánaigh;

(iv) Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a thacaíonn leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar;

(v) Coiste Réadmhaoine a thacaíonn leis an mBord trí mhaoirseacht a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht, agus ar éifeachtacht chur chun feidhme bheartais na Gníomhaireachta a bhaineann lena phunann maoine ag an mbainistíocht.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe a bhunú a thugann dearbhú go mbainfidh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a cuspóirí amach le leibhéal inghlactha riosca iarmharaigh.

Is é atá i gcreat riosca agus rialaithe na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach:

(i) beartas Bainistíochta Riosca arna chomhaontú agus arna shíniú ag an mBord.

(ii) clár Riosca a léiríonn na rioscaí sin atá ábhartha sa chomhthéacs go mbaineann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a cuspóirí foriomlána amach. Sa Chlár Riosca taifeadtar measúnú na Gníomhaireachta ar thionchar agus ar dhóchúlacht gach riosca a shainaithnítear, na rialuithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú agus daoine ar leith atá freagrach as a gcur i bhfeidhm agus a n-éifeachtacht. Déanann an Fheidhmeannacht, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Riosca dhá uair sa bhliain ar a laghad. Tuairiscítear teipeanna maidir le rialú don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord agus cuirtear gníomh ceartaitheach cuí i bhfeidhm;

(iii) áirítear ar phríomhphróisis na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach chun rioscaí a rialú:

   a) nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó;

   b) creat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta;

   c) freagrachtaí a shannadh le socruithe comhfhreagracha cuntasachta agus tuairiscithe;

   d) córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a dhéantar a athbhreithniú agus a chomhaontú ag an mBord, athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéis, spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;

   e) córais atá dírithe ar shlándáil agus athléimneacht chórais TFC na Gníomhaireachta a áirithiú;

   f) córais atá i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint;

   g) córais atá i bhfeidhm chun neasteipeanna agus laigí/teipeanna rialaithe inmheánaigh a thuairisciú agus a fhormhéadú.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an nGníomhaireacht a fheidhmíonn de réir an Chóid Chreata Dea – Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). Tá obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar an riosca a nochtar an comhlacht dó; tá na pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís sin.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an anailís ar riosca agus na pleananna d'iniúchadh inmheánach a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus faomhann an Bord iad. Soláthraíonn Iniúchadh Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí don Bhord gach bliain ar a laghad. Cuimsíonn an tuarascáil tuairim an Iniúchta Inmheánaigh maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair an iniúchta inmheánaigh, ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchta inmheánaigh, ar bhainistíocht na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach a bhfuil freagracht orthu as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar bharúlacha a dhéanann an tArd – Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím gur choimisiúnaigh an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Rinne gnólacht seachtrach athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha in 2024 agus shínigh Bord na Gníomhaireachta é an 26 Feabhra 2025.

Tá an Ghníomhaireacht réasúnta cinnte go bhfuil córais an Rialaithe Inmheánaigh a tionscnaíodh agus a cuireadh chun feidhme sa Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024 éifeachtach, agus níor aithníodh aon fhadhbanna maidir le rialú inmheánach.

### Fadhbanna i dtaca le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon fhadhbanna/laigí maidir le rialú inmheánach le linn 2024.

### Soláthar

Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach atá ceaptha chun comhlíonadh rialacha soláthair a chinntiú.

Le linn 2024, bhí trí chás ann ina ndearna an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach comhaontuithe gan tabhairt faoi phróiseas iomaíoch.

Baineann an chéad cheann le conradh a bhronnadh go díreach gan iomaíocht oscailte chun oibreacha éigeandála a dhéanamh ar stóras Shráid Watling chun rioscaí láithreacha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht a mhaolú. B'ionann an caiteachas iomlán a measadh maidir leis seo agus €351,763.

Baineann an dara ceann le hathbhreithnithe ar dhearadh agus ar chlár oibre na n-oibreacha feabhsúcháin dóiteáin ar 10-13 Sráid Thomáis, oibreacha riachtanacha ar an gCóras Soilsithe Éigeandála agus oibreacha péinteála agus maisiúcháin a theastaíonn tar éis oibreacha feabhsúcháin dóiteáin a chríochnú san áireamh. B'ionann an caiteachas iomlán a measadh maidir leis seo agus €76,216.

Baineann an tríú ceann le conradh a bhronnadh go díreach le haghaidh sainseirbhísí tacaíochta taispeántais don bhféile Ealaíon agus Teicneolaíochta Beta. B'ionann an caiteachas iomlán a measadh maidir leis seo agus €8,100.

Sna cásanna seo, glacadh bearta chun a chinntiú go raibh luach ar airgead á bhaint amach thar ceann an státchiste.

### Faomhadh ag an mBord

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Síniú thar ceann an Bhoird:

| **Paul Holden** | **Fiach Mac Conghail** |
|---|---|
| Cathaoirleach | Comhalta den Bhord |

Dáta: 13ú Bealtaine 2025

# Tuarascáil an Ard – Reachtaire Cuntas agus Ciste

**lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais**

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 31 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Is é atá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim arna gcoinneáil
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor, cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2024 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bunús na Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Leagtar amach na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin in aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar eolas eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhar eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil ó chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tugtar cuntas san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus maidir le hábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu de bhun eisceachta.

### Tobhach ar láithreán folamh

Nochtann Nóta 7.1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais gur lean an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach de chaiteachas a thabhú mar thoradh ar thobhach a ghearrann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar láithreán folamh atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta agus nár forbraíodh. Ba é €315,000 an caiteachas a tabhaíodh i leith 2024 (2023: €315,000).

**Seamus McCarthy**
*An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

21 Bealtaine 2025

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird**
Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú sa bhfoirm a fhorordaítear faoi alt 31 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003,
- rud a chinntíonn go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor, cothrom de réir FRS 102
- chun rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- ag measúnú cibé ar chóir bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid nó nár chóir, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

**Freagrachtaí an Ard – Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Ceanglaítear orm faoi alt 31 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh, dearbhú réasúnach a fháil ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais trí chéile saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is cinnteacht ardleibhéil é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go dtiocfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAanna ar mhíráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go rachaidís, ina n-aonar nó mar chomhiomlán, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním amhras gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé mar gheall ar chalaois nó ar earráid a aimsiú agus a mheas; ceapaim nósanna imeachta iniúchta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Tá baol níos mó ann nach n-aimseofáí míráiteas ábhartha de bhun calaoise ná míráiteas de bhun earráide, óir d’fhéadfadh claonpháirteachas, góchumadh, faillí d’aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú an rialúcháin inmheánaigh a bheith i gceist.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a oireann don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisí gaolmhara a mheas.
- Tagaim ar thuairim maidir le hoiriúnacht bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tuairim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtadh den sórt sin neamhleor, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chuid conclúidí, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fuarthas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo a bheith ina gcúis leis an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach scor de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, lena n-áirítear na faisnéisí, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar shlí a chuirean i láthair go cothrom iad.

## Tuarascáil an Ard – Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean.)

**lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais**

Déanaim cumarsáid leis na daoine siúd ar a bhfuil cúram an rialachais maidir le raon feidhme agus tráth ama beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aimsím le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- Nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe uile atá riachtanach don iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál conclúide dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, agus é sin á dhéanamh agam, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar shlí eile go bhfuil sí á míshonrú go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má bhíonn aon chúinsí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i bhfeidhm.

Féachaimse le fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím freisin má bhíonn aon chás ann nár úsáideadh airgead poiblí don chuspóir a leagadh amach dó nó sa chás nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

| | Nóta | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile | 4 | 1,929,513 | 1,695,495 |
| Deontais ón Státchiste | 5 | 2,397,000 | 2,431,000 |
| | | **4,326,513** | **4,126,495** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais a bhaineann leis an bhFoireann | 6 | 1,408,291 | 1,294,766 |
| Costais Oibríochtaí, Ginearálta agus Riaracháin | 7 | 3,131,831 | 2,961,695 |
| Idirchaidreamh Pobail | 8 | 85,622 | 42,250 |
| Tionscnaimh Dhigiteacha | 9 | 70,000 | 71,481 |
| | | **4,695,744** | **4,370,192** |
| **Easnamh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(369,231)** | **(243,697)** |
| Laghdú ar luach Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | 10 | (1,731,850) | (4,742,936) |
| Gluaiseacht i luach cóir Réadmhaoin Infheistíochta | 11 | (920,892) | (2,639,915) |
| Cáin Chorparáide | 13 | (3,107) | 4,435 |
| **Easnamh don Bhliain** | | **(3,025,080)** | **(7,622,113)** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | (19,023,516) | (11,401,403) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | (22,048,596) | (19,023,516) |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Síniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Comhalta den Bhord

Dáta: 13ú Bealtaine 2025

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

| | Nóta | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Easnamh don Bhliain** | | **(3,025,080)** | **(7,622,113)** |
| Gnóthachain Achtúireacha (Caillteanais) ar Dhliteanais Phinsin | 16(ii) | 147,000 | 183,000 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha | | (147,000) | (183,000) |
| **Iomlán na gCaillteanas Aitheanta don bhliain** | | **(3,025,080)** | **(7,622,113)** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Síniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Comhalta den Bhord

Dáta: 13ú Bealtaine 2025

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

**amhail an 31 Nollaig 2024**

| | Nóta | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 10 | 28,934,089 | 29,771,381 |
| Réadmhaoin Infheistíochta | 11 | 14,575,000 | 14,925,000 |
| | | 43,509,089 | 44,696,381 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna infhaighte | 14 | 270,002 | 305,956 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 1,391,968 | 1,821,370 |
| | | 1,661,970 | 2,127,326 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 15 | (1,615,438) | (1,815,781) |
| **Glansócmhainní Reatha Lúide Dliteanais** | | 46,532 | 311,545 |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais roimh Phinsin** | | 43,555,621 | 45,007,926 |
| Maoiniú Pinsean Iarchurtha | 16(ii) | 3,888,000 | 3,410,000 |
| Dliteanais Phinsin | 16(ii) | (3,888,000) | (3.410.000) |
| **Iomlán Sócmhainní Glana** | | 43,555,621 | 45,007,926 |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 17 | 65,604,217 | 64,031,442 |
| Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil | | (22,048,596) | (19,023,516) |
| | | 43,555,621 | 45,007,926 |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Síniú thar ceann an Bhoird:

**Paul Holden**
Cathaoirleach

**Fiach Mac Conghail**
Comhalta den Bhord

Dáta: 13ú Bealtaine 2025

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

| | Nóta | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Easnamh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | (3,025,080) | (7,622,113) |
| Dímheas | 10 | 242,131 | 147,612 |
| Athluacháil Réadmhaoine | 10 | 1,731,850 | 4,742,936 |
| Athluacháil Réadmhaoin Infheistíochta | 11 | 920,892 | 2,639,915 |
| Laghdú/(Méadú) ar Airgead Infhaighte | 14 | 35,954 | (52,260) |
| Méadú ar Airgead Iníoctha | 15 | (200,343) | 452,309 |
| Ús Bainc | | (381) | (71) |
| **Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | (294,977) | 308,328 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | 10 | (1,136,689) | (881,131) |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin Infheistíochta a fháil | 11 | (570,892) | (464,915) |
| **Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | (1,707,581) | (1,346,046) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | | |
| Ús Bainc a Fuarthas | | 381 | 71 |
| Maoiniú Caipitil | 17 | 1,572,775 | 1,516,867 |
| **Glan-Shreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | 1,573,156 | 1,516,938 |
| **Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid Tirim** | | (429,402) | 479,220 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim amhail an 1 Eanáir | | 1,821,370 | 1,342,150 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim amhail an 31 Nollaig** | | **1,391,968** | **1,821,370** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

**1. Beartais Chuntasaíochta**

Cuireadh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ar bun faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, agus tá an phríomhoifig lonnaithe san Iosta Digiteach, Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8.

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta shuntasacha arna nglacadh ag an nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach i rith na bliana agus le haghaidh na bliana roimhe sin.

**a) Eolas Ginearálta**

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht sin:

i) forbairt an Mhoil Dhigitigh, lena n-áirítear oibreacha tógála nó cothabhála a dhéanamh, mar shuíomh d'fhiontair dhigiteacha agus do ghníomhaíochtaí gaolmhara, a sholáthar, a áirithiú agus a chur chun cinn agus a éascú;

ii) straitéisí a cheapadh chun daoine aonair agus fiontair atá ag gabháil d'ábhar digiteach agus do ghníomhaíochtaí gaolmhara a spreagadh chun lonnú sa Mhol Digiteach;

iii) soláthar bonneagair theicniúil agus chumarsáide a chur chun cinn agus a éascú chun fiontair dhigiteacha a mhealladh chuig an Mol Digiteach;

iv) plean forbartha a ullmhú de réir Alt 9;

v) meastacháin a ullmhú ar na costais a bhaineann leis an bplean forbartha a chur i ngníomh agus roghanna maoinithe féideartha a mholadh;

vi) cur i bhfeidhm an phlean forbartha a mhaoirsiú agus a bhainistiú;

vii) dul i gcomhairle le leasanna an phobail áitiúil sa Mhol Digiteach nó in aice leis mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean forbartha;

viii) comhaontuithe a dhéanamh le daoine eile chun forbairt an Mhoil Dhigitigh a áirithiú cibé acu trí lamháltas, trí chomhfhiontar, trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí nó ar aon mhodh eile;

ix) comhaontú a dhéanamh, más iomchuí, le duine a shocraigh nó a chuir maoiniú ar fáil chun aon chuid d'fhorbairt an Mhoil Dhigitigh a chur i gcrích.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí (PBE) í an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach.

**b) Ráiteas ar Chomhlíonadh**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus don bhliain roimhe sin de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

**c) Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin Deontais Státchiste agus sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa bhfoirm atá faofa ag Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide na hÉireann le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Forbartha don Mhol Digiteach.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

**d) Ioncam**

Deontais ón Státchiste

Is gnách go n-aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe; tá eisceacht amháin ina leith seo i gcás Deontais Státchiste. Aithnítear iad siúd ar bhonn fáltas airgid thirim.

Ioncam Deontais Eile

Coinnítear ioncam deontais a bhailítear ach nach dtuilltear mar ioncam iarchurtha ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus leithdháiltear é ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann an deontas.

Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile

Aithnítear ioncam tráchtála agus ioncam eile ar bhonn fabhruithe. Taifeadtar ioncam neamhthuillte mar ioncam iarchurtha agus aistrítear é chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil nuair a thuilltear é.

Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhruithe trí úsáid a bhaint as modh an ráta úis éifeachtaigh.

**e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

**(i) Sócmhainní Forbartha**

Is é atá i sócmhainní forbartha talamh agus foirgnimh atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta agus atá le húsáid chun lárionad fiontair nuálaigh atá bunaithe ar theicneolaíocht a fhorbairt. Nuair atá sé forbartha, tugtar cuntas ar na sócmhainní mar Réadmhaoin Infheistíochta.

Caitear le Sócmhainní Forbartha mar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus tomhaistear iad ag baint úsáide as an tsamhail athluachála. Má mhéadaítear suim ghlanluacha na sócmhainní mar thoradh ar athluacháil, aithnítear an méadú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil. Sa chás go n-aisiompaíonn an méadú laghdú athluachála a aithníodh roimhe seo ar na sócmhainní ábhartha, aithnítear é sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**(ii) Daingneáin agus Feistis, agus Trealamh Ríomhaireachta**

Luaitear Daingneáin agus Feistis, agus Trealamh Ríomhaireachta ag costas lúide dímheas carntha, arna gcoigeartú d'aon soláthar le haghaidh lagaithe. Cuirtear dímheas ar fáil ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn mhéid chothrom thar a saolré úsáideach measta, mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | $33^{1}/_{3}$% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**f) Réadmhaoin Infheistíochta**

Is réadmhaoin í Réadmhaoin Infheistíochta ar a bhfuil forbairt curtha i gcrích agus a choinníonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chun críche a n-acmhainneacht infheistíochta agus chun cíos a ghiniúint.

Aithnítear réadmhaoin infheistíochta ag an gcostas ar dtús. Déantar réadmhaoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa a thomhas ag luach cóir. Aithnítear athruithe ar luach cóir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**g) Suimeanna infhaighte**

Aithnítear suimeanna infhaighte ar luach cóir, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an soláthar d'fhiacha amhrasacha agus bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann na méideanna go léir atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

**h) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn mhéid chothrom thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuiltear ag súil leis, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

**i) Sochair Fostaithe**

<u>Sochair ghearrthéarmacha</u>

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fabhraíodh ag deireadh na bliana san áireamh faoin Ráiteas ar Staid Airgeadais faoi shuimeanna iníoctha.

<u>Sochair Scoir</u>

Oibríonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach scéim sochar sainithe pinsin.

Tá socrú ag an DHDA leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) faoina n-aisíocfar leis an DHDA an t-airgead go léir a theastaíonn chun oibleagáidí pinsin a shocrú nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, éilítear ar an DHDA méid atá cothrom le ranníocaíochtaí fostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn móide ranníocaíocht fostóra ag rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill foireann na Gníomhaireachta sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, a choinníonn an Roinn. Aithnítear méid atá comhionann leis na sochair a thuill an fhoireann mar mhaoiniú iarchurtha de réir an tsocraithe aisíocaíochta atá leagtha amach thuas.

Déantar dliteanais scéime pinsin a léirítear le luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí a thuill foireann na Gníomhaireachta go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid réamh – mheasta (más cuí). Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais i leith an mhéid Mhaoinithe Phinsin Iarchurtha a mheas ag méid atá cothrom leis an meastachán ar an oibleagáid do dhliteanais na scéime pinsin.

Oibríonn an Ghníomhaireacht an Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ('Scéim Aonair') freisin do bhaill foirne a chuaigh i mbun fostaíochta san earnáil phoiblí ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí baill scéime aonair agus ranníocaíocht Fostóra (mar a éilítear faoi chiorclán DPER 28/2016) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é atá sa mhuirear sochair scoir maidir leis an Scéim Aonair ná ranníocaíocht an Fhostóra.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

**j) Cáin iarchurtha**

De réir FRS 102, déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foráil do cháin iarchurtha ar bhonn 'soláthair iomláin' a eascraíonn as difríochtaí uainiúcháin idir gnóthachain nó caillteanais sna ráitis airgeadais a aithint agus iad a aithint i ríomh cánach. Ní dhéantar iarmhéideanna cánach iarchurtha a lascainiú mar go meastar nach mbeadh éifeacht na lascainithe ábhartha.

**k) An Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach na sócmhainní a aistríodh chuig an nGníomhaireacht tráth a bunaithe agus ina dhiaidh sin móide maoiniú caipitil agus deontais eile a fuarthas.

### 2. Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear i dtaobh sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus na méideanna a thuairiscítear i dtaobh ioncaim agus caiteachais le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil leis na meastacháin sin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

<u>Dímheas agus Luachanna Iarmhartacha</u>

Tá athbhreithniú déanta ag an nGníomhaireacht ar shaol sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir, agus go háirithe, saol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistis, agus trealamh ríomhaireachta agus baineadh de thátal as go bhfuil saol sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

<u>Oibleagáid Sochair Scoir</u>

Déantar na toimhdí is bonn leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a shonraítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí maidir le treocht na gcostas cúram sláinte) a thabhairt cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar chúinsí eacnamaíocha reatha, agus i dtaobh athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha an phinsin agus na bpleananna iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin;

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo;

(iii) rátaí maidir le treocht na gcostas cúram sláinte, ráta boilscithe na gcostas leighis sna réigiúin ábhartha.

<u>Luacháil Réadmhaoine</u>

Is iad saineolaithe luachála eastáit réadaigh na Gníomhaireachta a chinneann luach cóir na réadmhaoine infheistíochta trí úsáid a bhaint as teicnící luachála aitheanta agus as prionsabail FRS102. Leagtar amach go mion i nóta 12 na modhanna agus na toimhdí suntasacha a úsáideann luachálaithe agus luach cóir na réadmhaoine infheistíochta agus na sócmhainní forbartha á meas acu.

### 3. Gnóthas Leantach agus Forbairt Amach Anseo

Íocann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a costais oibriúcháin faoi láthair ó mheascán de dheontais Státchiste agus ioncam tráchtála.

I mí Aibreáin 2021 d'fhógair an Rialtas a chinneadh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ("DHDA") a dhíscaoileadh tar éis moladh ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Faoi threoir an Rialtais, tá réadmhaoin atá i seilbh na Gníomhaireachta i gceantar na Saoirsí i mBaile Átha Cliath 8 le haistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún ("LDA").

Tugaimid faoi deara tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Fhorbairt Talún 2021 gur "comhlacht poiblí ábhartha" í an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus gur "talamh poiblí ábhartha" an talamh go léir atá ar úinéireacht aici, de bhun an Achta 2021.

Baineann Alt 54 den Acht um Fhorbairt Talún 2021 leis an nGníomhaireacht agus go bhfuil an t-aistriú talún atá beartaithe ón nGníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach chuig an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) de bhun Thuarascáil 2023 ar Thailte Poiblí ábhartha (Tuarascáil Uimh. 1 Márta 2023) arna hullmhú de bhun alt 52 d'Acht 2021.

In alt 52 (7) admhaítear go sonrach gur féidir leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún tuarascáil a ullmhú agus a thabhairt don Rialtas tráth ar bith, de réir an ailt seo, ar aon talamh poiblí iomchuí sonrach.

Leanfaidh an Bord de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an Mháistirphlean do Chrosaire Chrann Piorraí do shuíomhanna an Mhoil Dhigitigh i `gcomhthéacs an Achta um Fhorbairt Talún 2021 agus luacháil chuí a shócmhainní infheistíochta agus forbartha.

Tá litir curtha ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a dhearbhaíonn go bhfanfaidh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach i mbun gnó go dtí mí na Nollag 2027 ar a laghad d'fhonn a foirceannadh ordúil a éascú.

Sna cúinsí a thuairiscítear thuas, is deimhin leis an mBord go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann a cuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite agus measann sé dá bhrí sin go bhfuil sé iomchuí na cuntais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Leanann an Ghníomhaireacht uirthi ag luacháil a sócmhainní infheistíochta agus forbartha i gcomhréir lena beartais chuntasaíochta.

## 4. Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile

San áireamh in Ioncam Tráchtála agus Ioncam Eile tá ioncam Smart D8 arb ionann é agus €50,375 (2023: €107,500) agus ioncam féile Beta €75,238 (2023: €123,385).

## 5. Deontais ón Státchiste

Deimhníonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach go bhfuil córais rialaithe airgeadais leordhóthanacha i bhfeidhm aici chun cistí deonaithe a bhainistiú de réir threoirlínte faoi Chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is iad seo a leanas na deontais a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, a tugadh faoi Alt 29 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003 (Vóta 29: Fo-cheannteideal A4) chun críocha caiteachais ag an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a feidhmeanna:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| **Reatha** | | |
| Oibríochtaí | 2,245,000 | 2,279,000 |
| Idirchaidreamh Pobail | 70,000 | 70,000 |
| Tionscnaimh Dhigiteacha | 82,000 | 82,000 |
| | **2,397,000** | **2,431,000** |
| **Caipiteal** | | |
| Oibreacha Forbartha agus bainistiú láithreán tréigthe* | 1,572,775 | 1,516,867 |

* *Maoiniú ón Státchiste a fuarthas agus a caipitlíodh maidir le hoibreacha forbartha.*

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

## 6. Costais a bhaineann leis an bhFoireann

### a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

Ba é 12 (2023:12) meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an nGníomhaireacht le linn na bliana. Ina theannta sin, coinníonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach seirbhísí ball foirne amháin de chuid gníomhaireachta tríú páirtí. Ba iad seo a leanas na costais chomhiomlána ar phárolla:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| **Sochair ghearrthéarmacha** | | |
| Foireann ar thuarastal | 1,027,554 | 938,161 |
| Foireann ghníomhaireachta tríú páirtí | 61,047 | 58,209 |
| Foireann ar Iasacht | – | – |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | 47,239 | 50,445 |
| ÁSPC Fostóra | 110,323 | 99,996 |
| Ranníocaíocht Phinsin Fostóra | 162,128 | 147,955 |
| | **1,408,291** | **1,294,766** |

### b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 1,027,554 | 938,161 |
| Liúntais | – | – |
| Sochair Foirceanta | – | – |
| Árachas Sláinte | – | – |
| | **1,027,554** | **938,161** |

### c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Príomhoifigeach Airgeadais. Is ionann luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta agus €313,784 in 2024 (2023: €291,018).

Ní áirítear leis seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Ní baill den scéim phinsin iad comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Bhoird. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina bhall de Scéim Phinsin Aoisliúntais an DHDA, agus is comhalta neamhdhílsithe é an Príomhoifigeach Airgeadais den Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí.

### d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

B'ionann pacáiste luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin don tréimhse airgeadais agus €134,280 i leith 2024 (2023: €129,078).

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina chomhalta de Scéim Phinsin Aoisliúntais na Gníomhaireachta agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí Scéim Pinsean Aonair eiseamláireach na Seirbhíse Poiblí. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas.

Cloíonn an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach le beartas pá an Rialtais agus le téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. In 2024, baineadh €35,193 den phárolla i leith na ranníocaíochta aoisliúntais breise (ASC) agus íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é (2023: €30,445). In 2024, bronnadh caiteachas €3,250 (2023: €3,000) ar an bhfoireann mar aitheantas d'fhostaithe.

Tabhaíodh costais bhreise a bhaineann le baill foirne arbh fhiú €1,236 san iomlán iad (2023: €2,043) maidir le himeachtaí foirne.

### e) Miondealú ar an bhFoireann ar thuarastal (os cionn €60,000)

| | Líon na bhFostaithe 2024 | Líon na bhFostaithe 2023 |
|---|---|---|
| €60,000 go €69,999 | 1 | 1 |
| €70,000 go €79,999 | 1 | 1 |
| €80,000 go €89,999 | 1 | 2 |
| €90,000 go €99,999 | 2 | – |
| €100,000 go €109,999 | – | – |
| €110,000 go €119,999 | 1 | 1 |
| €120,000 go €129,999 | – | 2 |
| €130,000 go €139,999 | 2 | – |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

## 7. Costais Oibríochtaí, Ghinearálta agus Riaracháin

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Taisteal agus Cothabháil | 2,370 | 3,302 |
| Costais a bhaineann le Réadmhaoin | 1,723,270 | 1,634,967 |
| Árachas | 198,240 | 200,815 |
| Costais a bhaineann le Margaíocht | 16,985 | 20,040 |
| Costais a bhaineann le Réadmhaoin | 33,117 | 12,663 |
| Tobhach Láithreáin Fholmha (féach Nóta 7.1) | 315,000 | 315,000 |
| Seirbhísí Gairmiúla (féach Nóta 7.2) | 264,991 | 194,533 |
| Forchostais Oifige (Féach Nóta 7.3) | 217,722 | 211,792 |
| Costais Díscaoilte (Féach Nóta 7.4) | 12,844 | – |
| Soláthar Smart D8 le haghaidh Caiteachais (Féach Nóta 7.5) | 5,248 | 82,098 |
| Soláthar Féile Beta le haghaidh Caiteachais (Féach Nóta 7.5) | 81,821 | 123,385 |
| Táille Iniúchóireachta | 14,250 | 13,334 |
| Dímheas (féach Nóta 10) | 242,132 | 147,612 |
| Táillí Bainc | 2,241 | 2,154 |
| Drochfhiacha | 1,600 | – |
| | **3,131,831** | **2,961,695** |

### 7.1 Tobhach ar láithreán folamh
Tá an campas comhdhéanta de réadmhaoin forbartha agus infheistíochta lena n-áirítear roinnt láithreán tionsclaíoch tréigthe. Don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2024 b'ionann an ráta iníoctha agus 7% de luach láithreán Shráid Watling a luacháladh ag €4.5m ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus b'ionann an tobhach ar láithreán folamh (VSL) agus €315,000. Cuirfear RZLT (Cáin ar Thalamh Cónaithe Criosaithe) in ionad an Tobhaigh ar Láithreán Folamh i mí Feabhra 2025. Is é is cuspóir leis an gcáin ná talamh atá seirbhísithe agus criosaithe le haghaidh úsáide mar thalamh cónaithe nó úsáide measctha a ghníomhachtú chun an soláthar tithíochta a mhéadú agus athghiniúint tailte folmha agus díomhaoine in áiteanna uirbeacha a chinntiú.

### 7.2 Seirbhísí Gairmiúla

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Earcaíocht | 3,539 | 29,906 |
| Luacháil Réadmhaoine | 6,250 | 6,115 |
| Cúrsaí dlí/Iniúchadh Inmheánach/Cánachas | 31,485 | 37,552 |
| Caidreamh Poiblí/Gnóthaí Poiblí | 99,332 | 93,601 |
| Seirbhísí Eile | 124,385 | 27,359 |
| | **264,991** | **194,533** |

### 7.3 Forchostais Oifige

In 2024, bhí dhá léas oibriúcháin nach féidir a chealú san áireamh i bhForchostais Oifige, dar mhéid iomlán €5,015 (2023: €4,720).

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí íosta léasa iomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin | 1,180 | 1,180 |
| Níos déanaí ná bliain amháin agus tráth nach déanaí ná cúig bliana | 3,835 | 3,540 |
| | **5,015** | **4,720** |

### 7.4 Costais Díscaoilte

Tar éis fhógra Rialtais an 27 Aibreán 2021 chun an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dhíscaoileadh agus na sócmhainní a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún, thabhaigh an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach táillí breise dlí agus gairmiúla maidir leis an ngnó seo arb ionann iad agus €12,844 (2023: nialas).

### 7.5 Tionscnaimh eile Smart D8 agus Féile Beta

In 2020, sheol an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach Smart D8 in éineacht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ospidéal San Séamas agus réimse páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha eile. Cuireadh an tionscnamh ar bun chun Baile Átha Cliath 8 a fhorbairt mar léiritheoir agus mar bhailíochtóir margaidh do réiteach nuálach ar Shláinte agus Folláine an phobail. Tá roinnt gnéithe i gceist leis seo amhail oibriú le cónaitheoirí áitiúla, soláthraithe cúraim sláinte, gnólachtaí nuathionscanta comhpháirtithe tionscail agus taighdeoirí acadúla chun cuir chuige a fhorbairt a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar shaol na cathrach agus ar shláinte agus fholláine na saoránach thar an deich mbliana nó an fiche bliain seo chugainn.

Mar gheall ar rath an tionscnaimh Smart D8 cuireadh síneadh dhá bhliain leis an tionscadal ó Nollaig 2024. Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach mar phríomhpháirtí ag fáil maoiniú Smart D8 ó chomhpháirtithe éagsúla. Chuir an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach €30,000 leis an tionscadal in 2024 freisin.

I gcomhpháirtíocht le Aisling Murray sheol an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach Féile Beta, féile ealaíne agus teicneolaíochta, i mí na Samhna 2024 ar champas an Mhoil Dhigitigh. Chuir an Ghníomhaireacht maoiniú €40,000 leis an bhféile in 2024.

## 8. Idirchaidreamh Pobail

Baineann sé leis an gcostas atá ar chláir phobail áitiúla a chur ar fáil.

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Seachadadh an Chláir | 85,622 | 42,250 |
| Costais eile | – | – |
| | **85,622** | **42,250** |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

### 9. Tionscnaimh Dhigiteacha
Baineann sé le costas tionscadal agus tionscnamh digiteach a sholáthraíonn áis tástála d'úsáid meán digiteach.

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Féile Beta (Nóta 7.5) | 40,000 | 41,481 |
| Smart D8 (Nóta 7.5) | 30,000 | 30,000 |
| | **70,000** | **71,481** |

Caipitlíodh costais €nialas (2023: €30,270), dá thoradh ba é €155,622 (2023: €144,001) an caiteachas iomlán maidir le hIdirchaidreamh Pobail agus Tionscnaimh Digiteacha.

### 10. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Forbairt Sócmhainní<br>€ | Daingneáin agus Feistis<br>€ | Trealamh Ríomhaire-achta<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | | | | |
| amhail an 1 Eanáir 2024 | 29,025,012 | 3,625,935 | 1,467,880 | 34,118,827 |
| Breiseanna | 731,850 | 375,956 | 28,883 | 1,136,689 |
| Athluacháil | (1,731,850) | – | – | (1,731,850) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **28,025,012** | **4,001,891** | **1,496,763** | **33,523,666** |
| **Dímheas** | | | | |
| amhail an 1 Eanáir 2024 | – | 2,946,990 | 1,400,456 | 4,347,446 |
| Muirear don bhliain | | 198,155 | 43,976 | 242,131 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **–** | **3,145,145** | **1,444,432** | **4,589,577** |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | |
| amhail an 1 Eanáir 2024 | 29,025,012 | 678,945 | 67,424 | 29,771,381 |
| **amhail an 31 Nollaig 2024** | **28,025,012** | **856,746** | **52,331** | **28,934,089** |

## 11. Réadmhaoin Infheistíochta

Tá an ghluaiseacht i luach anonn na sócmhainní atá á gcoinneáil mar Réadmhaoin Infheistíochta leagtha amach thíos.

| Réadmhaoin Infheistíochta | 31 Nollaig 2023 € | Breiseanna € | Diúscairt € | Athluacháil € | 31 Nollaig 2024 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Digital Depot | 3,600,000 | 98,744 | – | (98,744) | 3,600,000 |
| Gate lodge | 550,000 | 1,650 | – | (1,650) | 550,000 |
| Digital Court | 3,450,000 | 36,776 | – | (86,776) | 3,400,000 |
| 10-13 Thomas Street | 1,100,000 | 243,971 | – | (193,971) | 1,150,000 |
| 157 Thomas Street | 1,200,000 | 23,580 | – | (73,580) | 1,150,000 |
| 85-87 Thomas Street | 500,000 | 142,700 | – | (142,700) | 500,000 |
| Townhouse Twenty2 | 1,000,000 | 2,756 | – | (2,756) | 1,000,000 |
| Bonham Street car spaces | 425,000 | – | – | (100,000) | 325,000 |
| Grainstore | 3,100,000 | 20,715 | – | (220,715) | 2,900,000 |
| | **14,925,000** | **570,892** | – | **(920,892)** | **14,575,000** |

## 12. Athluacháil Réadmhaoine

(i) Éilíonn FRS 102 athluacháil gach bliain go luach cóir (comhionann le luach an mhargaidh oscailte) réadmhaoine infheistíochta agus tugtar athruithe luacha chuig Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil. Ní úsáidtear an tsamhail costas lúide dímheas ach amháin mura féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa gan costas nó iarracht iomarcach. D'fhostaigh an Ghníomhaireacht gnólacht gairmiúil luachálaithe chun luacháil neamhspleách a dhéanamh ar réadmhaoin na Gníomhaireachta.

(ii) Mar gheall ar ghluaiseachtaí i luachanna réadmhaoine le blianta beaga anuas, rinne gnólacht gairmiúil luachálaithe luachálacha neamhspleácha amhail an 31 Nollaig 2024 a raibh muirir lagaithe ábhartha mar thoradh orthu.

(iii) Cinneadh an luacháil ar bhonn ioncam cíosa agus nádúr gearrthéarmach na gceadúnas agus na léasanna éagsúla, an suíomh, riocht na réadmhaoine agus coinníollacha ginearálta an mhargaidh á gcur san áireamh.

(iv) Tá an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach teoranta don réadmhaoin ábhartha a úsáid le haghaidh fiontar digiteach agus chun críocha forbartha measctha. Cuireadh é sin san áireamh agus na luachálacha á gcinneadh.

<u>Sócmhainní Forbartha</u>

Mar a leagtar amach sna Beartais Chuntasaíochta, déantar Sócmhainní Forbartha a luacháil trí úsáid a bhaint as an tsamhail athluachála.

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách na Sócmhainní Forbartha amhail an 31 Nollaig 2024 rinneadh athluacháil síos foriomlán (€1,731,850). 2023: síos (€4,742,936), a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil.

<u>Réadmhaoin Infheistíochta</u>

Mar thoradh ar luacháil neamhspleách na Réadmhaoine Infheistíochta amhail an 31 Nollaig 2024 rinneadh athluacháil fhoriomlán €920,892 síos, (2023: síos €2,639,915). Aithníodh é sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim arna gCoinneáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

## 13. Cánachas

Tá an Ghníomhaireacht faoi dhliteanas Cháin Chorparáide a íoc maidir le hioncam úis (Cás III/IV) agus ioncam cíosa (Cás V). Déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach foráil freisin do Cháin Iarchurtha ar bhonn 'soláthair iomláin' a eascraíonn as difríochtaí uainiúcháin idir gnóthachain nó caillteanais sna ráitis airgeadais a aithint agus iad a bheith aitheanta i ríomh cháin.

a) **Seo a leanas an cánachas a gearradh /(a cuireadh chun sochair) ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:**

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| **Cáin reatha:** | | |
| Cáin Éireannach ar bhrabúis na bliana airgeadais | – | – |
| **Cáin reatha iomlán** | – | – |
| **Cáin iarchurtha:** | | |
| Tionscnamh agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | 3,107 | (4,435) |
| Rósholáthar i mblianta roimhe seo | – | – |
| **Cáin iarchurtha iomlán** | **3,107** | **(4,435)** |
| **Cáin iomlán** | **3,107** | **(4,435)** |

Le halt 610 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Sceideal 15) foráiltear díolúine don Ghníomhaireacht ó Cháin Ghnóthachan Caipitiúil ar dhiúscairtí a rinneadh an 1 Eanáir 2008 nó dá éis. Maidir le gach dliteanas cánach eile, déanann an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach a dícheall a bheith eiseamláireach maidir le cloí le dlíthe cánachais agus maidir le déanamh de réir a hoibleagáidí cánach.

b) **Réiteach idir costas cánach a áirítear i mbrabús agus caillteanas agus i mbrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin arna iolrú faoin ráta cánach is infheidhme:**

Tá an cháin a measúnaíodh don bhliain airgeadais difriúil leis an ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn (25%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (3,021,973) | (7,626,548) |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta cánach is infheidhme i bPÉ 25% (2023 25%) | (755,493) | (1,906,637) |
| Tionchar na nithe seo: | | |
| Caiteachas nach bhfuil inasbhainte | 81,961 | 33,236 |
| Liúntais chaipitiúla de bhreis ar dhímheas | 40,313 | (24,080) |
| Úsáid liúntas caipitiúil iomarcach | (15,468) | 51,768 |
| Cáin iarchurtha | 3,107 | (4,435) |
| Gluaiseacht i luach cóir Réadmhaoin Infheistíochta (nach bhfuil faoi réir cánach) | 663,185 | 1,845,713 |
| Úsáid caillteanais chánach | (26,758) | – |
| Caillteanais chánach | 12,260 | – |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí (nóta 13(a))** | **3,107** | **(4,435)** |

## 14. Suimeanna infhaighte

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna infhaighte Cíosa | 32,983 | 43,478 |
| Cáin Chorparáide | – | – |
| Suimeanna infhaighte agus Réamhíocaíochtaí Eile | 195,865 | 214,531 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha* | 41,154 | 44,261 |
| Ioncam Fabhraithe | – | 2,620 |
| CBL | – | 1,066 |
| | **270,002** | **305,956** |

| | | |
|---|---|---|
| ** Sócmhainn/(Dliteanas) Cánach Iarchurtha* | | |
| Ar Dhaingeáin agus Feistis | 41,154 | 44,261 |

| **Gluaiseacht i ndifríochtaí sealadacha i rith na bliana** | **Iarmhéid 31 Nollaig 2023 €** | **Aitheanta in I&C €** | **Iarmhéid 31 Nollaig 2022 €** |
|---|---|---|---|
| Ar Dhaingeáin agus Feistis | 44,261 | (3,107) | 41,154 |

## 15. Suimeanna iníoctha (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | | |
| – Oibríochtaí | 863.028 | 816,470 |
| – Forbairt Réadmhaoine | 510,332 | 783,241 |
| Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla agus Cáin Conarthaí Ábhartha | 12,849 | 11,277 |
| Asbhaintí Éagsúla | 746 | 4,770 |
| Fabhrú pá saoire | 6,670 | 10,373 |
| CBL | 9,376 | – |
| Éarlaisí Slándála ó Thionóntaí | 163,249 | 144,264 |
| Ioncam Iarchurtha | 12,400 | 10,396 |
| ÍMAT agus ÁSPC | 36,788 | 34,990 |
| | **1,615,438** | **1,815,781** |

I mí na Nollag 2024, bronnadh €nialas (2023: €10,396) ar Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (an Clár Discover) a bhaineann leis an bhliain airgeadais 2025.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

## 16. Costais Phinsin

### a) Scéim Phinsin

Faoi Alt 21 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, soláthraíonn an Ghníomhaireacht scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú dá baill foirne agus ina leith, faoi réir faofa ón Aire. Feidhmíodh Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta agus Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí ar 'bhonn riaracháin' faofa go dtí gur cheadaigh an tAire Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide í go foirmiúil an 27 Márta 2017 le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Soláthraíonn an scéim Aoisliúntais sochair scoir (cnapshuim agus pinsean) agus sochair aisce báis i leith bás i mbun seirbhíse. Soláthraíonn an scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí sochair phinsin do chéilí a mhaireann agus do leanaí cleithiúnacha na mball éagtha. Déantar soláthar do na sochair atá iníoctha le baill na scéime Aonair faoi théarmaí na scéime sin faoi bhainistíocht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamhchistithe iad an dá scéim.

Baintear tobhaigh phinsin as tuarastail agus íoctar iad leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide gach bliain mar aon le ranníocaíocht an fhostóra. Faoin socrú atá i bhfeidhm, aisíocfaidh an RCAC dliteanas pinsin na Gníomhaireachta ina iomláine de réir mar a bheidh, agus nuair a bheidh na dliteanais sin dlite. Aithníonn an Ghníomhaireacht a ceart chun na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith.

Tá an chóireáil agus na nochtaí a éilítear leis an gcaighdeán cuntasaíochta, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Sochair Scoir), curtha in oiriúint ag an mBord chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú. Is ionann dliteanas pinsin FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2024 agus €3,888,000 (2023: €3,410,000).

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2024. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo chun críocha FRS 102.

### b) Boinn tuisceana airgeadais

Is iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a úsáidtear chun dliteanais scéime faoi FRS 102 a ríomh:

| | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| Ráta lascaine | 3.30% | 3.15% |
| Méadú ar an ráta tuarastail | 4.00% | 3.75% |
| Méadú ar an ráta pinsin | 3.50% | 3.25% |
| Méadú ar an ráta boilscithe | 2.50% | 2.25% |
| Ionchas saoil ag aois 65: Fireann | 22.2 bliain | 22.0 bliain |
| Ionchas saoil ag aois 65: Baineann | 24.5 bliain | 24.4 bliain |

### i) Anailís ar chostais phinsin iomlána a gearradh ar chaiteachas

Costas Pinsean €162,128 (2023: €147,955) a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir socruithe maoinithe a comhaontaíodh leis an RCAC. In éagmais an tsocraithe aisíocaíochta, bheadh an tionchar ar chostais:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí Fostóra (Príomhscéim) | 60,498 | 93,299 |
| Ranníocaíochtaí Fostóra (scéim SPSPS) | 101,630 | 54,656 |
| Costas Seirbhíse Reatha * | 217,000 | 220,000 |
| Costais Úis | 114,000 | 122,000 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Státchiste Iarchurtha | (331,000) | (342,000) |
| | **162,128** | **147,955** |

** Cuireadh ranníocaíocht fostaí €52,210 (2023: €47,802) san áireamh agus an costas seirbhíse reatha á ríomh.*

### ii) Gluaiseacht i nGlandhliteanas Pinsin

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Glandhliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | 3,410,000 | 3,255,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 217,000 | 220,000 |
| Costas Úis | 114,000 | 122,000 |
| Caillteanas (gnóthachan) achtúireach ar dhliteanais scéime | 147,000 | (183,000) |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | – | (4,000) |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig | **3,888,000** | **3,410,000** |

## 17. Cuntas Caipitil

| | | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| 1 Ean | Iarmhéid Tosaigh | 64,031,442 | 62,514,575 |
| | Maoiniú: Státchiste – Oibreacha Forbartha | 1,572,775 | 1,516,867 |
| 31 Noll | Iarmhéid Deiridh | **65,604,217** | **64,031,442** |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)

**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024**

### 18. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Tá príomhphearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach comhdhéanta den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Airgeadais agus comhaltaí an Bhoird. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus €314,937 (2023: €293,576).

### 19. Teagmhais tar éis an Chláir Chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhais shuntasacha tar éis na tréimhse tuairiscithe a d'éileodh athbhreithniú ar na figiúirí nó nochtadh sna ráitis airgeadais.

### 20. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 13 Bealtaine 2025.

THE DIGITAL HUB

**An Ghníomhaireacht Forbartha**
**don Mhol Digiteach**
An Mol Digiteach, Baile Átha Cliath 8
D08 TCV4, Éire

**T:** +353 1 480 6200
**R:** info@thedigitalhub.com
www.thedigitalhub.com